



Aighneacht Réamhbhuiséid 2023

Arna chur faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán

	Leath.
1. Achoimre Feidhmiúcháin.....	3
2. An Comhthéacs Straitéiseach 2023.....	7
3. Infheistíocht Bheartaithe 2023.....	13
4. Riachtanas Cistíochta	28
5. Tairbhe ón Infheistíocht.....	31
6. Conclúid.....	42

Cuid 1

Achoimre Feidhmiúcháin

Tá Fís agus Cuspóirí Ardaidhme ag TG4 maidir leis an tSeirbhís

Sa bhliain 2021, leagadh amach Fís nua tar éis Covid-19 do TG4 i rith na mblianta 2022 - 2025 d'fhonn tabhairt faoi na réimsí dúshlán atá le sárú ag meáin chumarsáide na Gaeilge i rith ré na digiteachta agus athrú suntasach a thabhairt i bhfeidhm ó thaobh scála agus seirbhísí na heagraíochta de réir mar a thagann athrú ar mhargadh na meán cumarsáide. Tá trí phríomhréimse straitéise agus cruthaitheachta i gceist leis an bhfís:

1. Freastal go fiúntach ar dhaoine óga sa lucht féachana, iad a spreagadh agus an caidreamh leo a threisiú.
2. Freastal níos fearr arís ar lucht féachana na Gaeilge, ar lucht labhartha na teanga agus ar phobal na Gaeltachta.
3. Treisiú le comhlachtaí cruthaitheachta sna réigiúin agus fónamh don téarnamh eacnamaíochta sa tír.

D'fhonn an fhís sin a thabhairt i gcrích, leantar ag lorg na gcistí breise trína neartófar agus a leathnófar le seirbhísí TG4. Is ar an bhFís Tar Éis Covid-19 a bheidh béim TG4 i rith na bliana 2023 agus leagtar amach san Aighneacht Réamhbhuiséid seo moltaí maidir lena bhfuil á chur roimh an eagraíocht don bhliain seo chugainn agus an maoiniú breise is gá chun sin a thabhairt i gcrích.

Leagtar amach na gníomhartha beartaithe ionas gur éifeachtaí is féidir le TG4 iomaíocht a dhéanamh tríd cur leis an infheistíocht in ábhar agus i seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga go háirithe chun cinntiú dul i gcion go mór agus go fiúntach ar na dreamanna sin sa lucht féachana. Braitheann a bhfuil i ndán do TG4 ar na dreamanna óga seo, mar a bhraitheann a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga pobail.

Maidir leis an mbliain 2023, tá TG4 ag lorg ardú €8.287m ar an gcistíocht phoiblí (sa bhreis ar chistíocht mar a cuireadh ar fáil sa bhliain 2022) d'fhonn sé cinn de bhearta a thabhairt i gcrích (achóimre ar an gcéad leathanach eile).

Déanfaidh an chistíocht bhreise seo tairbhe agus fónamh maidir le bonn a chur faoi fhorás ar chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha in Éirinn agus faoi eacnamaíocht na cruthaitheachta i réigiúin na hÉireann. Tarlóidh, mar gheall gur ina Fhoilseitheoir Craoltóir a fheidhmíonn TG4, níos mó ná 65% (€5.4m) de na cistí breise dhá chaitheamh go díreach le earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus na cruthaitheachta sa bhliain 2023 (beidh an fuilleach á chaitheamh ar chostas maidir le hardán 2RN, ar sheirbhís nuachta nua dhigiteach ar acmhainní oideachais agus ar mhargáíocht). Tarraingeoidh an infheistíocht freisin €2.1m de chistíocht bhreise in earnáil an léiriúcháin.

Cuirfear mar gheall ar an infheistíocht leis an bhfostaíocht le scileanna teicniúla agus cruthaíochta sa Ghaeltacht agus sna réigiúin agus cuideofar le daoine cumasacha a choinneáil sna ceantair sin chomh maith le hinfeistíocht bhreise a spreagadh i maoiníntleachta, i bhfoirmiú caipitil in earnáil an léiriúcháin agus i seirbhísí léiriúcháin. Anuas ar an tairbhe eacnamaíochta, déanfaidh an infheistíocht leas i gcúrsaí sóisialta agus cultúir chomh maith, mar a leagtar amach go hachomair ar leathanach 6 agus go mion níos faide amach san aighneacht seo. Thabharfaí sin uilig i gcrích chomh maith le leathnú ar an lucht féachana agus díriú ar bhearnaí i réimsí ábhair agus seirbhísí TG4.

Gan an maoiniú breise atá á iarraidh, ní bheidh sé d'acmhainn ag TG4 na bearta breise sin a chur ar fáil. Beidh tionchar aige sin, ní hamháin ar lucht féachana TG4, go mór mór leanaí agus lucht féachana níos óige, ach ar fhorbairt tuilleadh a dhéanamh ar acmhainn agus ar phoist earnáil na léiritheoirí neamhspleácha i réigiúin na hÉireann.

Leagaimid béim ar thionchar airgeadais brúnna boilscitheacha a bhfuil borradh ag teacht orthu ó lár na bliana 2021, i ndiaidh Covid-19, ach go háirithe ó thus na bliana 2022, de dheasca an chogaidh san Úcráin. Tá tionchar ar ár gcumhacht caithimh ar fud gach réimse d'oibríochtaí TG4 ach go háirithe coimisiúnú TG4 ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Cé go bhfuilimid á bhainistiú go maith go dtí seo, go háirithe mar gheall ar na conarthaí aschuir ceithre bliana atá i bhfeidhm againn, d'fhéadfadh dúshlán níos mó a bheith i gceist leis sna blianta amach romhainn, má leanann an tréimhse hipearbhoilscithe seo ar aghaidh.

Cuideoidh níos mó maoinithe chun cur le hinfeistíocht TG4 in ábhar nua breise do leanaí, don lucht féachana níos óige, in ábhar oideachais agus in ábhar nuachta chun cuidiú leis an neamhchinnteacht agus luaineacht a bhaineann le tréimhsí boilscitheacha (agus cúlú eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gceist) a fhritháireamh d'earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Cuideoidh sé le muinín a choinneáil san earnáil agus sa gheilleagar cruthaitheach réigiúnach trína chur ar chumas comhlachtaí leanúint de leas a bhaint as na hinfeistíochtaí atá déanta acu le blianta beaga anuas, in acmhainn léirithe agus i ndaoine cumasacha, agus chun a n-aschur agus a gcuid infheistíochta a mhéadú. Is féidir, mar sin, le hinfeistíocht bhreise i TG4 cuidiú le seasmhacht agus forás a thabhairt don earnáil sa ré dhúshlánach seo.

Is ionann príomhthorthaí an mhaoinithe bhreise seo agus:

- Tuairim is 130 post nua in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha sa bhliain 2023 amháin.
- Tionchar measta náisiúnta post de 1,154 post coibhéiseach lánaimseartha (CLA).
- Tuilleadh forbairt ar 50-70 duine le tacaíocht trí scéimeanna forbartha agus oiliúna coimisiúnaithe TG4
- Cuirfidh borradh faoi mhuinín i bhforás leanúnach an gheilleagair chruthaitheach réigiúnaigh agus tacóidh le forás nua sna réigiúin, lena n-áirítear réigiún an Iarthuaiscirt.
- Cuirfidh le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga leis an nGaeilge.
- Méadú sa lucht féachana a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí atá ann i soláthar ábhar.

	Cistí Breise de Dhíth ¹	Moltaí	Príomhbhearta na Bliana 2023
	€3,907,000	<i>Cúla4</i> a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí.	<i>Cúla4</i> a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí ar Saorview. - An cainéal a chur ar fáil do Virgin Media agus do Sky Ireland.
	€560,000	Cainéal TG4+1 agus TG4 HD a chur ar bun ar Saorview.	- Seirbhís ardghléine (HD) TG4 a leathnú ar Saorview. - Cainéal TG4+1 a chur ar bun ar Saorview.
	€1,290,000	Infheistíocht i gcláracha Gaeilge níos spleodraí agus in ábhar neamhlíneach níos dána do dhaoine faoi 35.	- Dhá shraith nua ó bhonn a choimisiúnú (14 uair a chloig) ag díriú ar dhaoine 15-34. - Infheistíocht bhreise in <i>BLOC</i> TG4, in ábhar ar líne agus ar na meáin chumarsáide. <i>Gradam Ceoil TG4</i> a thabhairt os comhair lucht éisteachta idirnáisiúnta chun rochtain agus feachtas ar TG4 agus Ceol Traidisiúnta na hÉireann a mhéadú.
	€1,060,000	Cur leis na cistí do Dhrámaíocht Gaeilge a Léiriú & do Dhaoine Cumasacha a Chothú i mbun an Tionscail.	- Cur le hinfeistíochtaí TG4 in <i>Cine4</i> d'fhonn scála agus tionchar breise. - Tionscnaimh d'fhonn cumas dhaoine a chothú a thabhairt i gcrích i gcomhar le geallsealbhóirí sa tionscail. - Earnáil na léiritheoirí closamhairc san Iarthuaisceart a fhorbairt.
	€810,000	Seirbhís & Acmhainn Dhigiteach Nuachta TG4 a chur ar bun.	- Seirbhís Dhigiteach Nuacht TG4 a chur ar bun (Aip & láithreán gréasáin san áireamh). - Acmhainn nuachta & cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt. - Comhar/páirtnéireacht le foinsí réigiúnacha ilardáin nuachta a chothú. - Athláithriú ar bhranda Nuacht TG4
	€660,000	Cur le punann acmhainní oideachais TG4 atá bunaithe ar an gcuraclam.	- Cláracha oideachais nua le craoladh. - Gíotaí gearra ábhair do na bunscoileanna agus do na scoileanna iarbhunscolaíochta. - Togra maidir le Foghlaimeoirí Teanga fásta. - Imeachtaí oideachais do na scoileanna iarbhunscolaíochta. - Suirbhé faoi úsáid acmhainní TG4 sna bunscoileanna. - Cartlann dúnta ar a dtabharfar deis úsáide maidir le taighde ar chúrsaí oideachais.

¹ Sa bhreis ar leibhéal maoiniú TG4 do 2022.

méadú 28% agus 30% faoi seach, ar 2021.

Achoimre maidir leis an Tairbhe ón Infheistíocht (chomh maith leis an tairbhe don lucht féachana)

- €7.5m d'infheistíocht bhreise san earnáil (TG4 agus foinsí eile san díreamh).
- Cuirtear ar chumas chomhlachtaí sna réigiúin méadú agus leathnú.
- Cuirtear 120 post nua (CLA) ar fáil in earnáil an chlosamhairc i rith na bliana 2023 amháin.
- Cuirtear le gnéithe bonneagair agus le hacmhainn saothraithe earnáil an léiriúcháin.

- Treisítear le pobal na Gaeltachta.
- Cothaítear cur chun cinn na Gaeilge mar ghnáthurlabhra oibre ó ghlúin go glúin.
- Fágtar gur feiceálai an t-ábhar Gaeilge do leanaí agus cothaítear ceangal leis an nGaeilge ó bhlianta na luathóige.
- Cuidíonn leis na daoine óga a mhúnlú (cainéal leanaí agus seirbhís nuachta).
- Coinnítear lucht na Gaeilge ar an eolas.

- Ábhar closamhairc Gaeilge bunaithe ar an gcuraclam a fhóireann don chóras oideachais a chuir ar fáil.
- Ábhar closamhairc Gaeilge d'fhoghlaimoirí na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais foirmeálta a chuir ar fáil, do fhoghlaimoirí fásta go háirithe.
- Ardú ar líon na gcainteoirí Gaeilge
- Cothaítear rath fadtéarmach ar an nGaeilge.

- Cuirtear dlús leis an gceangal a bhíonn ag daoine óga leis an nGaeilge.
- Cuidítear le daoine óga le Gaeilge a choinneáil sna réigiúin.
- Cruthaítear feiceálacht maidir leis an nGaeilge mar ghnáthurlabhra an phobail.
- Feabhas ar sheirbhísí nuachta ó thaobh iléagsúlachta agus iomadúlachta.
- Ábhar closamhairc a threíonn leis an nGaeilge sa chóras oideachais agus sa saol mór.

1. Forás a Spreagadh ar Earnáil an Léiriúcháin

2. Daoine Cumasacha sa Tionscail a Fhorbairt

- Chomh maith le tacú le tallainne trinár gcoimisiúin, tacóidh scéimeanna oiliúna tacaíochta TG4 le breis forbartha a dhéanamh ar 50-70 duine san earnáil chlosamhairc.
- Déantar cumas iriseoireachta & eagarthóireachta a fhorbairt sna réigiúin.
- Cothaítear cumas scríbhneoirí, stiúrthóirí agus léiritheoirí Gaeilge chomh maith le cumas láithreoireachta ar an scáileán.

3. Dea-thoradh maidir le Fostaíocht sna Réigiúin

- Tionchar measta náisiúnta ó thaobh fostaíochta (díreach, indíreach agus spreagtha) le 1,154 post, 1,039 acu sin sna réigiúin (CLA) - méadú 28% agus 30% faoi seach, ar 2021.
- Leathnaítear le postanna oilte teicniúla agus postanna cruthaitheachta i gceantair Ghaeltachta agus sna réigiúin agus cuidítear le daoine cumasacha a choinneáil sna ceantair sin.

4. Dea-thoradh Eacnamaíochta sna Réigiúin

- €82m de thairbhe maidir leis an táirgiócht réigiúnach measta do 2023.
- Spreagtar infheistíocht bhreise i gcruithú caipitil in earnáil na léiritheoirí agus borrhadh faoin gcaiteachas ar sheirbhísí ó sholáthraithe áitiúla.
- Treisítear le turasóireacht bunaithe ar scannánaíocht agus ar léiriúcháin a fhorbairt.
- Cuidítear le bonn daingean a chur faoi nuáil dhigiteach agus theicniúil.

5. Treisítear le Straitéisí Cultúir agus Gaeilge an Rialtais

Fónamh maidir le:

- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
- Éire Dhomhanda- Lorg Domhanda na hÉireann go dtí an bhliain 2025.
- An Plean Gníomhaíochta Closamhairc de chuid Éire Ildánach.
- Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile.
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.

8. Dea-thoradh Sóisialta agus Cultúrtha

7. Acmhainn Oideachais

6. Treisítear le Pobal na hÉireann, le Muintir na Gaeltachta agus leis an nGaeilge

Cuid 2

An Comhthéacs Straitéiseach 2023

Buneolas faoi TG4

TG4 eagraíocht Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí Gaeilge na hÉireann; cuirtear seirbhísí ábhair den iontaobh agus den chruthaitheacht ar fáil agus déantar tairbhe don lucht féachana agus don phobal ar bhealaí go leor.

Cuirtear lúcháir ar an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain trí bhunábhar siamsaíochta agus cultúir de chuid na hÉireann a chur i láthair ar bhealach sainiúil na linne seo trí dhearcadh *Súil Eile* TG4. Coinnítear an lucht féachana ar an eolas le nuacht áitiúil agus idirnáisiúnta agus cláracha cúrsaí reatha i nGaeilge. Cuidítear le hoideachas na leanaí agus na ndaoine óga trí acmhainní Gaeilge bunaithe ar an gcuraclam agus acmhainní siamsa agus foghlama a chur ar fáil le *Cúla4* agus *TG4 Foghlaim*.

Déanann TG4, Foilsitheoir Craoltóir, infheistíocht in ábhar agus i seirbhísí curtha ar fáil ag earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, ionas go mbítear cionsiocrach le borradh foráis ar eacnamaíocht na cruthaitheachta i réigiúin na hÉireann. Cuidítear le lucht labhartha na Gaeilge agus pobal na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge ó ghlúin go glúin a chothú.

Chomh maith le díriú ar ár dtionchar sóisialta agus eacnamaíoch, tá TG4 dírithe freisin ar inbhuanaitheacht agus ar ár dtionchar comhshaoil a laghdú, mar a achoimrítear ar an chéad leathanach eile.

¹ IPSOS MRBI, R1 2022.

² Red C, R4 2020/R1 2021.

³ Direach, Indíreach agus Spreagtha, gan toradh iarmhartach a áireamh, TG4.

Achoimre maidir le TG4 an Lae Inniu



Lucht Féachana TG4 2021:

- Aird ar TG4 ar fud na n-ardán ag 71.5% den lucht féachana Gaeilge gach seachtain.
- 2.05% de lucht féachana náisiúnta na bpríomhthráthanna craolta.
- Breathnaíodh 62m físeán d'ábhar TG4.
- Breathnaíodh ábhar ar na meáin shóisialta 58m uair.
- Aontaíonn 91% den phobal gur soiléir an gá & an ról atá le TG4¹.

Siocair Foráis maidir le hEacnamaíocht na Cruthaitheachta sna Réigiúin:

- Tá c.€250m caite ag TG4, mar Fhoilsitheoir Craoltóir ar sheirbhísí cruthaitheachta in Éirinn le 10 mbliana anuas (€230m ar léiriúchán neamhspleách), a mhórchuid sin sna réigiúin.
- Cothaítear c.500 post coibhéis lánaimseartha (CLA) i mbun léiriúchán closamhairc sa Ghaeltacht agus sna réigiúin mar gheall ar TG4 go díreach.

Infheistíocht i nDaoine Cumasacha Nua a Thabhairt chun Cinn:

- Déantar cumas scríbhneoireachta, stiúrtóireachta agus léiritheoireachta i nGaeilge a fhorbairt le scéimeanna oiliúna de chuid TG4 in earnáil an léiriúcháin. Adhmaíonn lucht an tionscail an fiúntas agus an tairbhe fóna atá leo.
- Rinneadh fónamh don oiliúint agus don fhorbairt ar c. 120 duine nua cumasach gan a áireamh ach an tréimhse le cúig mbliana anuas amháin trínár scéimeanna forbartha.

Cúrsaí Teanga, Cultúir agus Oideachais:

- **Teanga:** Tá ról faoi leith le TG4 maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn ó ghlúin go glúin & fónamh do phobal na Gaeilge.
- **Cultúr:** dea-cháil maidir le ceol beo agus imeachtaí eile cultúir agus chomh maith le seasamh le healaín agus cultúr na hÉireann. Faoin scéim Cine4 freisin, cuirtear scannáin Ghaeilge ar taispeáint sna pictiúrlanna a tharraingíonn cáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- **Oideachas:** Is acmhainní tábhachtacha Gaeilge *Cúla4* agus *TG4 Foghlaim* sna bunscoileanna agus sna scoileanna iarbhunscolaíochta. Mar shampla, is léir ó thaighde neamhspleách go mbaineann 44% de na múinteoirí bunscoile, 80% de na múinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus 250,000 dalta bunscoile úsáid as *Cúla4* go rialta².

Dea-thoradh Eacnamaíochta agus Fostaíochta:

- Cruthaítear ar a laghad €2 i ngnóthaí eacnamaíochta na hÉireann le gach €1 de chistíocht a fhaigheann TG4.
- Tarlaíonn ceithre cinn de phostanna a chothú in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn in aghaidh gach post in TG4.
- Seasann TG4 leis an bhforbairt réigiúnach. Ordaítear ábhar ó chomhlachtaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge, a mórchuid sa Ghaeltacht agus sna réigiúin. Rinne caiteachas TG4 sna réigiúin in Éirinn i rith na bliana 2021 amháin, fónamh c.€62m don táirgiúcht réigiúnach agus cothaíodh c.800 post (CLA)³.

Leanann TG4 ag seachadadh oibríochtaí níos inbhuanaithe agus cleachtais léiriúcháin níos glaise i gcomhpháirtíocht leis an earnáil léiriúcháin.

Léiriúchán Inbhuanaithe:

- Tá TG4 ag obair le *albert*¹ agus *ScreenGreening*² chun caighdeán níos airde inbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach leis an earnáil.
- Ní mór do gach léiriúchán arna choimisiúnú ag TG4 úsáid a bhaint as an áireamhán *albert carbon* chun monatóireacht a dhéanamh ar lorg carbóin.
- Tá TG4 ag tacú le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha Éireannacha chun Deimhniú *albert* a bhaint amach

Inbhuanaitheacht ár nDaoine:

- Tá inbhuanaitheacht ár ndaoine á chinntiú ag TG4, an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn
- Cuireann TG4 an fhoireann ar a gcumas oibriú i dtimpeallacht hibrídeach, dáilte. Déanaimid infheistíocht agus dírimid air cúrsaí folláine agus meabhairshláinte na foirne.
- Tacaíonn TG4 le forbairt forásach foirne lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha acu atá ailínithe le straitéis agus struchtúr TG4 de réir mar a thagann siad chun cinn. Dírimid freisin ar chomharbas agus an t-eolas atá ag lucht bainistíochta mar phríomhghnéithe dár gcur chuige inbhuanaitheachta.



Oibríochtaí Inbhuanaithe:

- Tá timpeallacht oibre inbhuanaithe á cruthú ag TG4 i ngach réimse dár n-oibríochtaí agus ag laghdú ár lorg carbóin agus ár ndramhaíl
- Táimid ag infheistiú i dteicneolaíocht & sruthanna oibre chun úsáid fuinnimh a dhéanamh níos éifeachtaí agus deireadh a chur le dramhaíl.
- Tá sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 50% bainte amach (ar leibhéal 2009) trí thionscadail chun cumhacht a laghdú, aistriú go soláthraithe fuinnimh ghlais agus laghdú a dhéanamh ar iompar.
- Laghdú CO2 50% de réir sprice. Infheistíocht bhreise i bhfuinneamh gréine agus teicneolaíocht chun seomraí trealaimh a fhuarú.
- Cleachtais oibre a shruthlíniú agus úsáid na teicneolaíochta a chur chun cinn trínár straitéis um chlaohlú digiteach

¹ Tionscadal *Screen Industry* ar inbhuanaitheacht comhshaoil arna óstáil ag BAFTA

² Is iad na baill ná TG4, RTÉ, Virgin Media Television, Screen Ireland, Screen Producers Ireland agus an BAI.

Is mór is fiú leis an Lucht Féachana agus na Geallsealbhóirí Ábhar agus Seirbhísí TG4



Admhaítear Ról TG4 maidir le hEarnáil an Léiriúcháin in Éirinn¹



¹ Taighde TG4 ar an tionscal agus Comhairliúchán, 2019.

Bíonn de thionchar mór ag an teilifís maidir le teangacha mionlaigh ar fud an domhain go mbronnar stádas ar na teangacha sin agus go gcothaítear an tuiscint i measc lucht labhartha na mórtheanga gur gnáthrud an dátheangachas. Tá de chuspóir go fadtéarmach ag TG4 stádas a bhaint amach is gaire don stádas a bhíonn ag craoltóir i dtír ina bhfuil seasamh buan faoin dátheangachas agus gan baol i gcónaí go dtarlódh bás teanga mar gheall ar iompú go dtí an dara ceann. Áirítear ar na craoltóirí poiblí a bheadh ina n-eiseamláirí, craoltóirí i gCeanada, san Eilvéis, sa Bheilg agus sa Spáinn.

Beidh sé deacair an fhís fhadtéarmach a bhaint amach. Is maith a thuigeann lucht a labhartha san áit arb í an Ghaeilge teanga an phobail, go gcuireann córais na sochaí agus na meán cumarsáide an Béarla ar stádas i bhfad níos airde ná an Ghaeilge. Bíonn stádas íseal seo na Gaeilge ina thoisc go seasta leanúnach leis an gcinneadh a dhéanann daoine faoi leith maidir leis an teanga a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin ina bpobal féin.

D'fhoill fónamh d'fhís ardaidhmeach TG4 a bhaint amach, ní mór leathnú ar an lucht féachana a thabhairt i gcrích agus ceangal a chothú le dreamanna den lucht féachana ar léir bearnaí maidir le hábhar a chur ar fáil ina leith mar gheall ar easpa cistíochta. Is tábhachtaí ná aon tráth go dtí seo go gcruthaíonn TG4 tábhacht agus tráthúlacht leis an ábhar Gaeilge, go gcuirtear leis an lucht féachana agus go ndéantar gnáthchuid den ghnáthshaol de TG4.

Mura gcuirtear cistíocht ar leibhéal sách ard de bhonn treise faoi na meáin chumarsáide Gaeilge agus dóthain aire a dhíriú orthu, is mór an baol nach mbeidh oiread tábhachta ag an lucht féachana agus eisteachta leo, go háirithe ag daoine óga in Éirinn atá ag éirí aníos i dtimpeallacht meán cumarsáide domhanda. Ní mór do TG4 freastal mar is cóir ar na daoine óga arb iad a shocróidh a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga pobail agus iad a spreagadh. Ní mór sin a dhéanamh an tráth céanna a ndéantar freastal níos fearr arís eile ar lucht féachana na Gaeilge chomh maith le pobal labhartha na teanga agus muintir na Gaeltachta.

Sa bhliain 2021, leagadh amach Fís fhadtéarmach nua tar éis Covid-19 do TG4 i rith na mblianta 2022 - 2025¹. Tá de chuspóir leis an bhFís sin a chinntiú gur féidir le TG4 tabhairt faoi na réimsí dúshláin atá le sárú ag meáin chumarsáide na Gaeilge i rith ré na digiteachta agus toradh fóna den suntas ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cúrsaí eacnamaíochta a chruthú. Tá de chuspóir le Fís TG4 tar éis Covid-19 freisin tairbhe a dhéanamh maidir leis an téarnamh agus an forás ar earnáil na cruthaitheachta in Éirinn chomh maith le treisiú leis an nGaeilge ionas go maireann sí ina teanga pobail in Éirinn.

Fís TG4 tar éis Covid-19

“Le cistíocht ar scála den ghrád is fear agus le béim faoi leith ar chruthaitheacht léiritheoirí neamhspleácha na hÉireann, leanfaidh TG4 de ghliondar a chur ar an lucht féachana.

Leagfar bonnchlocha maidir le dream labhartha na Gaeilge a chothú, an tionscal sna réigiúin a chur ar leibhéal idirnáisiúnta agus a chinntiú go mbíonn tábhacht i gcónaí le hábhar seirbhíse poiblí i nGaeilge ag Éireannaigh na linne seo”.

Is iomaí réimse dúshláin á gcur roimh na Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí, ina measc iomaíocht dhomhanda, tobathrú teicneolaíochta, scála cistíochta, so-fheiceáil agus so-aimsitheacht etc. Is géire gach cás i ndáil le TG4 mar gheall gur ábhar Gaeilge a chuirtear ar fáil i margadh domhanda meán cumarsáide Béarla den chuid is mó. Tugtar achoimre ar na réimsí dúshláin i Léaráid 2.1 thall agus tá cur síos níos mine ar fáil i bhFís TG4 tar éis Covid-19 2022- 2025.

Mar ghné den dícheall d'fhoill na réimsí dúshláin sin a shárú, táthar ag féachaint le claochlú a chur ar scála cistíochta TG4 ionas gur fearr an chothromaíocht cistíochta a thugtar i gcrích ar fud chóras meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann. Féachtar faoin bhFís tar éis Covid-19 le hardú iomlán €37.8m ar an maoiniú poiblí a thabhairt i gcrích thar thréimhse ceithre bliana go dtí 2025 ionas go mbíonn €78.6m de chistí poiblí á fháil ag TG4. Bheadh sé sin cothrom le 40% d'ioncam RTÉ ón gceadúnas teilifíse sa bhliain 2020. Cé gur beag é i gcomórtas lena bhfaigheann RTÉ gach bliain, déanfaidh sé maitheas ag dul i ngleic le héagothroime cistíochta, tabharfaidh sé cothromaíocht níos fearr i gcrích agus beidh tairbhe as ó thaobh córas leatromach na meán cumarsáide seirbhíse poiblí in Éirinn a leasú.

Tá an Rialtas ag díriú ar chistíocht TG4 le hardú €3.5m á cheadú do TG4 i leith na bliana 2021 agus €4.2m i leith na bliana 2022. Táthar an-bhuíoch den Rialtas as ucht na gcistí breise. Cuideoidh sin le bonn a chur faoin Aisling tar éis Covid-19 a thabhairt i gcrích.

Leantar ag lorg, anuas air sin, breis cistíochta chun seirbhísí TG4 a leathnú agus a neartú agus fíis agus cuspóirí na heagraíochta a thabhairt i bhfeidhm.

Tá infheistíocht na hÉireann i meáin chumarsáide na Gaeilge i bhfad níos ísle ná an infheistíocht i ndúichí ina bhfuil straitéis leagtha amach teanga mionlaigh a chothú mar ghné bharrshuntasach de shaol na linne seo. Níl cistíocht phoiblí iomlán TG4 i leith na bliana 2022 níos mó ná 23% d'ioncam RTÉ ón gceadúnas teilifíse sa bhliain 2020. Ar fhéachaint trasna Mhuir Éireann ar chás an chraoltóra teanga dúchais eile is gaire do láthair agus an leibhéal cistíochta a chuirtear ar fáil do S4C, an craoltóir Breatnaise seirbhíse poiblí, feictear go ndearna Rialtas na Breataine athbhreithniú i mbliana gur ceadaiódh ardú £7.5m ar an gcistíocht phoiblí ionas go bhfaightear anois £88.5m ó cheadúnas teilifíse na Ríochta Aontaithe. Faightear anuas air sin 515 uair a chloig in aghaidh na bliana d'ábhar cláir ón BBC ar luach measta £22m. Fágann sin cistíocht phoiblí bhliantúil cothrom le £110.5m. Is fiú a lua nach bhfuil stádas bunreachtach ag an mBreatnaise ar aon dul le cás na Gaeilge agus gur ionann daonra na Breataine Bige agus 3.1m duine a meastar gur Breatnaiseoirí 19% acu. Is léir go gcuirtear acmhainní ar scála i bhfad níos forleithne ar fáil maidir le seirbhísí meán poiblí do lucht labhartha na Breatnaise ná mar a chuirtear do lucht labhartha na Gaeilge in Éirinn. I dTír na mBascach, déanann EITB, comhleithéid RTÉ, an buiséad a dháileadh go cothrom idir an mhórtheanga (an Spáinnis) agus an mhionteanga (an Bhascais). Caitheann EITB isteach is amach le €90m in aghaidh na bliana ar ábhar Bascais, ag freastal ar dhaonra réigiúnach de c.2.2m a labhraíonn timpeall 750,000 acu an Bhascais.

¹ Arna chur faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Meitheamh 2021.


Scála & Cothromaíocht i leith Maoinithe:

- Tá PSM na hÉireann tearcmhaoinithe leis na deiceanna de bhlianta. Léiríonn taighde EBU gurb ionann maoiniú PSM agus 0.16% d'Olltáirgeacht Intíre na dtíortha EBU sa bhliain 2019 ach níorbh ionann sin ach 0.11% in Éirinn - bhí Éire ar an tríú tír ab ísle as an 48 tír EBU a ndearnadh suirbhé orthu. Tá an Rialtas ag dul i ngleic leis an easnamh sin agus méaduithe €3.5m leithdháilte do TG4 in 2021 agus €4.2m don bhliain 2022.
- D'ainneoin na méaduithe sin, tá sé fós riachtanach scála maoinithe TG4 a athrú ó bhonn chun a chinntiú go mbeidh an tseirbhís ábalta ag na dúshláin a bhfuil ar na meáin chumarsáide Ghaeilge aghaidh a thabhairt orthu sa ré digiteach - agus luach sochaíoch agus eacnamaíochta a chruthú.
- Tá gá freisin ann le cothromaíocht i leith maoiniú níos fearr in éiceachóras PSM na hÉireann. Ós rud é gurb iad RTE agus TG4 an dá PSM náisiúnta, ba cheart cóimheas maoinithe seirbhíse poiblí a bheith acu. Bheadh tionchar aige sin ar chur chun cinn iléagsúlacht agus iolracht earnáil PSM na hÉireann, chomh maith le cothromaíocht níos fearr in éiceachóras closamhairc agus ina leagan amach réigiúnach, mar aon le léargas a thabhairt ar thábhacht na Gaeilge. Ós rud é gurb é TG4 príomhmhaoinitheoir na hearnála closamhairc i réigiúin na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin, bheadh méadú ar scála na hearnála closamhairc réigiúnaí mar thoradh díreach air sin.

Tarchur Idirghlúine Gaeilge

- Is tír dhomhanda, ilchultúrtha anois í Éire agus tá sciar mór den daonra nach dtuigeann ról agus tábhacht na Gaeilge.
- Tá an Ghaeilge faoi bhrú ollmhór ag leibhéal an tarchuir idirghlúine sa Ghaeltacht agus ar fud na hÉireann. Tagann meath ar bhunús agus ar ugach gach glúin as a chéile clann a thógáil le Gaeilge.
- Tá ról tábhachtach ag TG4 - agus ag eagraíochtaí meán agus ealaíon Gaeilge eile - maidir le féinaitheantas agus saibhriú phobail na hÉireann a chur chun cinn agus maidir le tacú le tarchur idirghlúine na Gaeilge. Ní mór do TG4, anois thar aon tráth roimhe seo, borradh a chur faoi thábhacht an ábhair Gaeilge, cur leis an lucht féachana agus éisteachta agus le TG4 "príomhshrutha".
- Mura dtabharfar tacaíocht do mheáin chumarsáide na Gaeilge leis na leibhéil maoinithe leordhóthanacha agus mura leagfar an bhéim atá de dhíth orthu, tá baol ann go dtiocfadh meath ar thábhacht na meán cumarsáide Gaeilge, go háirithe don lucht féachana Éireannach níos óige atá ag éirí aníos i dtimpeallacht meán domhanda.
- Ní mór do TG4 leanúint de chuidiú leis an nGaeilge agus le cultúr na Gaeilge a chaomhnú i ré na digiteála agus an domhandaithe.

Fíor 2.1: Achoimre ar na Príomhdhúshláin roimh TG4



Domhandú & Iomaíocht

- Tá teicneolaíocht dhomhanda & ilchuideachtaí meán ag cur isteach ar an timpeallacht iomaíochta. Beidh ar PSM aghaidh a thabhairt ar iomaíocht níos mó i dtaobh lucht féachana agus na hilchuideachtaí meán seo ag caitheamh na billiúin ar ábhar nua.
- Tá athrú ag teacht ar iompar an lucht féachana, go háirithe an lucht féachana óg, de réir mar a chuirtear le roghanna ábhair le go mbeidh seirbhísí sintiúis físeáin, ábhar digiteach agus sóisialta san áireamh.
- Chuir Covid borradh faoin athrú atá tagtha ar iompar lucht féachana, a d'imir tionchar ach go háirithe ar shruthú agus ar ábhar ar líne. Tá níos mó ná dubailt tagtha ar shíntiúis theaghlai na hÉireann le Netflix, mar shampla, le dhá bhliain anuas, a mhéadaigh ó 18% de theaghlai a raibh teilifíseán acu 2019 go 41% in 2021. Tá méadú tagtha freisin ar theaghlai a raibh teilifíseán Chliste acu ó 45% in 2019 go 62% in 2021. Is ionann líon na dTeilifíseán Cliste a bhfuil ceangal idirlín acu agus 57% i láthair na huaire. Tá tionchar mór aige sin ar an lucht féachana i dtaobh féachaint ar ábhar teilifíse beo.
- Cé go bhfuil sé léirithe ar TG4 go bhfuil teacht aniar ann, leanfaidh na forbairtí sin de dhúshláin mhóra a chur roimh gach craoltóir. Ní mór do TG4 scála inmharthana a bheith aige chun fanacht iomaíoch agus chun naisc a chothú leis an lucht féachana agus chun tionchar a imirt orthu.

Inaimsitheacht & Feiceálacht

- Ardáin ag teacht chun cinn ar ar féidir ábhar agus seirbhísí a choimeád - ní thugann mórán díobh feiceálacht do PSM. Tugtar ugach d'imreoirí domhanda tacú lena n-ábhar féin nó rochtain a thabhairt don tairgeoir is airde.
- Tá feiceálacht ábhar PSM rithábhachtach - imríonn sé tionchar ar chumas daoine rochtain a fháil ar chláracha atá rialaithe go maith, iontaofa agus ar ardchaighdeán, ar ionann sin agus an gnáthshainmhíniú ar ábhar seirbhíse poiblí.
- Tá cúiseanna teangeolaíochta breise ann a fhágann go bhfuil inaimsitheacht agus feiceálacht níos rithábhachtaí fós do TG4.
 - Cé gur teanga náisiúnta í, is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge.
 - Tá fíor-bheagán cumhacht mhargaidh ag na meáin chumarsáide Ghaeilge agus ní mórán tionchair a imríonn siad ar ardáin ábhar tráchtála.
- Ní mór do TG4 infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ardán, in anailísíocht, i margaíocht agus i gcoimeádaíocht chun tacú le hinfhionntacht a chuid ábhar. I dtaobh beartas, ní mór feiceálacht PSM a chosaint.

Cuid 3

Infheistíocht Bheartaithe 2023

Achoimre maidir leis an Infheistíocht a Bheartaítear sa bhliain 2023



1. *Cúla4* a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí.



2. Cainéal TG4+1 agus TG4 HD a chur ar bun ar Saorview.



3. Cur leis an infheistíocht in ábhar Gaeilge do dhreamanna faoi bhun 35 bhliana sa lucht féachana.



4. Cur leis na cistí do Dhrámaíocht Gaeilge a Léiriú & do Dhaoine Cumasacha a Chothú i mbun an Tionscail.



5. Seirbhís agus Acmhainn Dhigiteach Nuachta TG4 a chur ar bun



6. Leathnú le Punann Acmhainní Oideachais TG4 atá bunaithe ar an gCuraclam.

1. Cúla4 a chur ar bun mar Chainéal Gaeilge faoi leith do Leanaí

Réamheolas

Cé nach é is soiléire gur cheart infheistíocht sna meáin chumarsáide a chur chun tosaigh ar nithe eile nuair atá oiread sin earnálacha eile freisin a dteastaíonn cúnamh ina leith, ní mór súil a bheith chun cinn againn, an tráth a bhfuiltear ag teacht ón bpaindéim agus ag tabhairt aghaidh ar ghéarchéimeanna eile, ar chineál an tsaoil is mian linn a bheith ag na glúnta atá le theacht. Ní mór aird a thabhairt freisin ar na modhanna ina gcothófar seasmhacht, cumas agus cruthaitheacht faoi mar a bhíonn de dhíth orthu i leanaí na tíre. Déantar talamh slán de gur cuid bhunúsach d'fhorbairt an linbh, maidir le tuiscint, meon agus caidreamh leis an saol mór, a mbíonn le taithí acu ar na meáin chumarsáide. Ní mór spéis leanaí agus dhaoine óga a chothú i seirbhísí sábháilte iontaofa le hábhar fiúntach. Tá ról faoi leith le craoltóirí seirbhíse poiblí ina leith sin.

Baineann ábhar buartha eile le cás TG4. Bíonn de dheacracht breise le sárú ag meáin chumarsáide na Gaeilge go mbítear in iomaíocht ó thaobh lucht féachana a mhealladh le comhlachtaí meáin chumarsáide an Bhéarla ar mhargadh domhanda. Mura gcuirtear bonn treise faoi mheáin chumarsáide na Gaeilge agus mura mbíonn siad chun tosaigh ar ardáin, is mór an chontúirt go lú an tábhacht a cheapfar leo, go háirithe i measc na ndreamanna óga atá ag éirí aníos i dtimpeallacht meán cumarsáide ollomhanda. Is tábhachtaí ná riamh anois go gcothaíonn TG4 tábhacht ag daoine óga le hábhar Gaeilge agus go ndéantar freastal orthu mar is cóir agus go spreagtar an dream seo a shocróidh a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga pobail. Ní mór treisiú le seirbhísí TG4 do leanaí, ceangal na leanaí le TG4, agus an ceangal atá acu leis an nGaeilge dá réir, a neartú.

Tá isteach is amach le 21 cainéal líneach teilifíse dírithe ar leanaí in Éirinn (gan leaganacha +1 agus HD a áireamh). Taobh amuigh de RTÉ Jr, is cainéil de chuid na Ríochta Aontaithe nó na Stát Aontaithe mórchuid mhór na gcainéal sin. Le teacht chun cinn na n-ollghrúpaí domhanda meán cumarsáide a chuireann a gcuid ábhair ar fáil don lucht féachana ar fud an domhain, níl dóthain éagsúlachta ná ionadaíochta san ábhar a chuireann siad ar fáil, go háirithe do leanaí, agus bíonn cur chuige domhanda i gceist leis an meon eagarthóireachta freisin. Ní chuireann siad ábhar sainiúil ná tuairisciúil ó thaobh cultúir ar fáil a léiríonn dáimh leis an lucht féachana. I gcodarsnacht leis sin, is fada dearcadh áitiúil á chur in iúl agus á léiriú ag craoltóirí seirbhíse poiblí.

Chomh maith leis sin, tá cineálacha áirithe de chláracha do leanaí (go mórmhór drámaíocht dhúchasacha, cláracha faisnéise agus oideachais etc.) nach mbíonn suim ag comhlachtaí tráchtála iad a léiriú. Fágann sin bearnaí sn ábhar a chuirtear ar fáil, go háirithe san ábhar a chuirtear ar fáil do leanaí i nGaeilge.

Togra

Cúla4 an tseirbhís craolacháin a chuireann TG4 ar fáil do leanaí gach lá. Déantar a chraoladh go comhuaineach mar chainéal faoi leith do leanaí ar ardán Virgin Media (cainéal 602). Tá d'aidhm ag TG4 i rith na bliana 2023, Cúla4 a chur ar bun ina chainéal faoi leith do leanaí ar Saorview, an t-ardán Teilifíse Digiteach Trastíre (DTT) agus chomh maith leis sin an cainéal iomlán a chur ar fáil do Virgin Media agus do Sky Ireland. Beidh Cúla4 ar an aon chainéal teilifíse Gaeilge amháin in Éirinn do leanaí. Beidh an cainéal ar an aer ó mhaidin go tráthnóna (0600 - 2000). Tá de chuspóir ag TG4 Nuacht do leanaí a bheith le háireamh ar ábhar an chainéil

Achoimre maidir le Togra na bliana 2023

- Cúla4 a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí ar Saorview.
- An cainéal a chur ar fáil do Virgin Media agus do Sky Ireland.

Infheistíocht Bheartaithe 2023 (féach Cuid 4)

- Infheistíocht iomlán €7.35m sa bhliain 2023, an ar é €3.907m an riachtanas breise cistíochta (cuimsíonn an €7.35m caiteachas 2022 TG4 ar ábhar do leanaí):
 - €955,000 - costas cainéil 2RN.
 - €2,422,000 - ábhar nuachomisiúnaithe agus seirbhís nuachta.
 - €530,000 - acmhainní agus margaíocht.

Spriocbhearta 2023

- An t-aon bhealach teilifíse Gaeilge do leanaí in Éirinn.
- Craoladh 14 uair a chloig sa lá (ardú 7.5 uair a chloig sa lá).
- Seirbhís nuachta, drámaíocht agus siamsaíocht do leanaí.
- Acmhainní oideachais den scoth le húsáid sa seomra ranga agus sa bhaile.
- Ábhar breise digiteach agus idirghníomhaíochta ar líne.
- Spás sábháilte ag leanaí.

Spriocorthaí

- Bunús le caidreamh ar feadh an tsaoil le TG4.
- Cuidíonn le daoine óga a mhúnlú trí sheirbhís nuachta do leanaí a chur ar fáil.
- Bíonn ábhar Gaeilge do leanaí níos feiceálaí agus ceangal leis an nGaeilge dá bharr.
- Bonn treise faoi earnáil na léiritheoirí agus lucht cumais an tionscail.
- Caomhaíonn scéalaíocht i nGaeilge agus cultúr na hÉireann do leanaí.

chomh maith le hábhar oideachais, drámaíochta agus siamsaíochta lena léireofar cúla iléagsúil ina leanaí a mhaireann i ngach cuid den tír, le haird faoi leith ar phobal na Gaeltachta agus ar lucht labhartha na Gaeilge. Ábhar nuachomisiúnaithe ó earnáil Léiritheoirí Neamhspleácha na hÉireann, ábhar ar athcheadúnas ó earnáil Léiritheoirí Neamhspleácha na hÉireann agus ábhar ó dháilitheoirí idirnáisiúnta, arna athghuthú i nGaeilge ag an earnáil Léiritheoirí Neamhspleácha, a bheith ar chainéal Cúla4.

Ní bheidh fógraíocht ná urraíocht ar an gcainéal ionas go maolaítear aon chumarsáid tráchtála a rachadh i gcion ar leanaí.

Riachtanas buntábhachtach maidir le cainéal faoi leith Cúla4 a chur ar bun is ea ionad nua 24 uair a chloig ar an ilphléacs DTT. Beidh gá le hábhar breise chomh maith ó tharla TG4 a bheith ag craoladh ar feadh 14 uair a chloig sa lá ar an gcainéal nua i gcomparáid le 6.5 uair a chloig d'ábhar do leanaí ar TG4.

Beidh béim ó thaobh na hinfheistíochta ar ábhar coimisiúnaithe a théann i gcion go mór le haird ar chláracha drámaíochta, grinn, siamsaíochta agus spóirt, d'fhonn ceangal le TG4 a chruthú agus a threisiú. Cuirfear nuacht seirbhíse poiblí do leanaí ar fáil i nGaeilge ar Cúla4. Tá bunriachtanas le hábhar nuachta neamhchlaon ar ardchaighdeán maidir lena chinntiú go mbíonn leanaí agus daoine óga ar an eolas mar is ceart faoi chúrsaí an tsaoil.

Ina chainéal faoi leith, beidh Cúla4 ar fáil mar “spás sábháilte” a mbeidh teacht go háisiúil air ag tuismitheoirí agus ag leanaí. Cuirfear bonn treise agus forfheabhais faoi le hacmhainní digiteacha agus idirghníomhaíochta de scoth an domhain maidir le láithreáin gréasáin, Seinnteoirí agus ardáin eile ar líne TG4. Cuirfear dlús le caidreamh TG4 le leanaí agus le ceangal na leanaí leis an ábhar a chuireann TG4 ar fáil. Cuirfear chomh maith le hábhar oideachais TG4. Bíonn tairbhe cheana féin as an ábhar a chuireann TG4 ar fáil ar Cúla4 maidir le hacmhainní Gaeilge ag bunscoileanna na hÉireann. Is léir ó thaighde neamhspleách¹ go mbaineann 44% de mhúinteoirí bunscoile agus 80% de na múinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, nó 250,000 de dhaltai bunscoile ar fud na hÉireann, úsáid go rialta as Seinnteoir TG4 nó as Seinnteoir Cúla4 sa seomra ranga. Cuirfidh cainéal Cúla4 faoi leith ar ár gcumas níos mó arís d'ábhar oideachais idirghníomhaíochta a chur ar fáil atá ceangailte go dlúth leis an gcuraclam, rud a fhágann spraoi san fhoghlaim sa seomra ranga.

Tá tábhacht mhór ag TG4 le Cúla4 a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí ar ardán Saorview. Is tábhachtach an t-ardán Saorview in Éirinn le 634,000 teaghlach teilifíse á úsáid², 203,000 acu sin atá taobh le Saorview amháin³. Trí ardán Saorview a dhéanann 42% de lucht

féachana TG4 (gach uile dhuine) an cainéal a bhreathnú agus 20% de na leanaí a bhreathnaíonn ar TG4 faoi láthair. Cuireann RTÉ iomlán a gcuid seirbhísí ar fáil ar Saorview, an cainéal do leanaí, RTÉ Jr, ina measc. Is tábhachtach an rud go gcuirfeadh TG4, bealach Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí na Gaeilge, cainéal faoi leith do leanaí ar fáil sa teanga náisiúnta ar ardán seirbhíse poiblí na hÉireann. Tá TG4 den tuairim gur beart tairbheach a bheidh in infheistíocht i gcainéal faoi leith Cúla4 do leanaí ar Saorview d'fhonn a chinntiú go mbíonn teacht go furasta ag leanaí ar ábhar seirbhíse poiblí i nGaeilge. Cuideoidh feabhsú na seirbhísí do leanaí le dlús a chur leis an gceangal a bhraitheann siad le TG4 agus le ceangal leis an nGaeilge a chothú sna leanaí ó bhlianta a luathóige.

Mar chuid de bhunú chainéal Cúla4 déanfaidh TG4 gné an chainéil a fhorbairt le láithreoirí rialta agus seónna bóthair ionas go dtugtar branda agus ábhar an chainéil chuig pobal áitiúil na Gaeilge agus chuid muintir na Gaeltachta ina gceantar féin. Cuideoidh Cúla4 le sóisialú na Gaeilge a chothú agus tumadh sa Ghaeilge a chruthú do leanaí óga. Feicfear dóibh gur beo an teanga an Ghaeilge agus go bhfuil feidhm léi i ngach líonra sóisialta, sa bhaile agus in ionaid taobh amuigh den scoil.

Tabharfar tairbhe phoiblí i gcrích don lucht féachana le Cúla4. Díreofar ar dhream leanaí sa lucht féachana nach ndéantar freastal mar is cóir orthu, cuirfear spás sábháilte ar fáil do leanaí, cuideofar le teaghlach Gaeilge, agus beidh teacht níos furasta ar ábhar do leanaí. Sásófar chomh maith éileamh an lucht féachana - ón lucht féachana náisiúnta agus ó phobal na Gaeilge araon. Is léir ó dhá shuirbhé neamhspleácha⁴ go bhfuil daoine den tuairim go bhfuil gá agus fiúntas le cainéal Cúla4:

- *98% de na freagróirí as pobal labhartha na Gaeilge* a aontaíonn/a aontaíonn go láidir gur tábhachtach an rud cainéal faoi leith a bheith ar fáil maidir le hábhar i nGaeilge do leanaí agus 94% a aontaíonn/a aontaíonn go láidir go ngríosfaidís a gcuid leanaí chun féachaint air.
- *89% de na freagróirí ón lucht féachana náisiúnta*, a aontaíonn/a aontaíonn go láidir gur tábhachtach an rud do phobal na hÉireann cainéal do leanaí i nGaeilge a bheith ar fáil saor ó tháille ar an aer, le 83% a aontaíonn/a aontaíonn go láidir go gcuideodh cainéal nua Cúla4 lena chinntiú go mbeadh ábhar i nGaeilge do leanaí le tabhairt chun aire go furasta.
- Tá leibhéal rí-ard de na freagróirí ar fad (*80% den lucht féachana náisiúnta agus 96% de phobal labhartha na Gaeilge*) a aontaíonn/a aontaíonn go láidir gurbh fhiúntach an caiteachas ar chistíocht do TG4 cainéal nua Cúla4 a chur ar bun.

Seasann na geallsealbhóirí go neamhbhalbh le cainéal teilifíse seirbhíse poiblí faoi leith i nGaeilge do leanaí. Tá luaite go sainráite ag earnáil na léiritheoirí neamhspleácha (trí SPI) agus ag na príomhghrúpaí geallsealbhóirí maidir leis an nGaeilge agus cúrsaí oideachais (Conradh na Gaeilge; Tuismitheoirí na Gaeltachta; agus Gaeloideachas) go bhfuil siad i bhfabhar thogra TG4⁵.

Tá eolas breise faoin infheistíocht bheartaithe seo ar fáil in “Moladh maidir le Cúla4 a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí agus cainéal TG4+1 ar Saorview” (Bealtaine 2022).

¹ Red C taighde R4 2020 / R1 2021.

² Saorview, Samhain 2021.

³ Nielsen, 2022. D'fhéadfadh níos mó ná bealach breathnaithe amháin a bheith ag teaghlach.

⁴ IPSOS MRBI agus OÉG, 2022 (1000 agus c.500 freagra faoi seach).

⁵ Moladh maidir le Cúla4 a chur ar bun mar chainéal Gaeilge faoi leith do leanaí agus cainéal TG4+1 ar Saorview, Bealtaine 2022.

2. Cainéal TG4+1 agus TG4 HD a chur ar bun ar Saorview



Achoimre maidir le Togra na bliana 2023

- TG4 a aistriú go dtí seirbhís ardghléine (HD) ar Saorview.
- Leas breise a bhaint as ilphléacs *Cúla4* trí chainéal TG4+1 a chur ar bun ar an ilphléacs céanna sin ar Saorview, ag craoladh ón 20.00 gach tráthnóna nuair a thagann deireadh le *Cúla4*.



Infheistíocht Bheartaithe 2023 (féach Cuid 4)

- Costas breise €560,000 maidir le TG4 HD ar Saorview.
- Tagann costas TG4+1 san áireamh le costas chainéal *Cúla4* (féach togra infheistíochta 1).



Spriocbhearta 2023

- Cainéal TG4+1 ar bun ar Saorview.
- TG4 á chraoladh ar chaighdeán HD ar Saorview.



Spriocthorthaí

- Leathnú leis na seirbhísí ar na hardáin líneacha ionas go dtarlaíonn leathnú ar an lucht féachana agus treisiú ar an gcaidreamh leo.
- Na riachtanais maidir le caighdeán na seirbhíse agus riachtanais an lucht féachana a shásamh.
- Seasamh TG4 i gcomórtas le RTÉ a fheabhsú chomh maith leis an acmhainn iomaíochta i margadh an chraolacháin agus na meán cumarsáide.

TG4 HD ar Saorview

Tá an timpeallacht ina bhfeidhmíonn Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí go mór agus go tréan faoi athrú. Tá de bhuntáiste ag an lucht féachana go bhfuil rogha suntasach acu ó thaobh ardáin agus gléasra maidir le hábhar teilifíse a bhreathnú. Éilíonn an lucht féachana caighdeán teicniúil den chineál céanna gan bheann ar ardán, craoltóir nó soláthraí ábhair. Is gné bhunúsach de sin seirbhísí HD a bheith ar fáil - tá HD faoin tráth seo ar an ngnáthchaighdeán craolacháin. Tá forfheabhsú ina leith sin ar siúl, nó curtha i gcrích, ag na craoltóirí ar fad ionas go bhfuil cainéil seirbhísí HD á gcur ar fáil acu ar na hardáin dhigiteacha ar fad. Tá tábhacht faoi leith le seirbhís ardghléine maidir le hócáidí spóirt agus imeachtaí beo eile, scannáin, ábhar siamsaíochta ardleibhéil agus cláracha faisnéise.

Faoi láthair, tá TG4 HD ar fáil ar Virgin Cable, Sky Ireland, Eir TV agus Vodafone TV. Ainneoin gurb é Saorview ardán Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí na hÉireann, is ar an ardán sin amháin atá lucht féachana TG4 taobh le seirbhís gnáthghléine (SD). Ní nach ionann le cás RTÉ, tá ceangailte ar TG4 seirbhís ar chaighdeán níos ísle a chur ar fáil ar Saorview. Fágann córas táillí Saorview agus an costas ard a ghabhann le hilphléacsú agus tarchuradóireacht, ní raibh TG4 in acmhainn íoc ar chraoladh HD i bhfianaise ardú mór sna táillí a ghabhfadh le seirbhís HD. Níl lucht féachana TG4 sásta glacadh leis sin níos mó, tagann fiosrúcháin agus gearáin ó chustaiméirí faoi chaighdeán sheirbhís SD TG4 ar Saorview. Fiafraíonn an lucht féachana cad chuige a mbíonn droch-chaighdeán pictiúir / gléine ar TG4 i gcomparáid le RTÉ One agus RTÉ2 mar a chraoltar ar Saorview agus fiú amháin i gcomórtas le TG4 mar a chraoltar ar ardán Freeview i dTuaisceart Éireann.

Ní mór caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí Saorview a bheith ar aon leibhéal, ar a laghad, lena gcuirtear ar fáil ar na hardáin eile. Is ábhar buartha ag TG4, comhlacht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na Gaeilge, gur lú an meas a bheidh ag an lucht féachana ar sheirbhís TG4 go ginearálta mar gheall ar chaighdeán an phictiúir ar Saorview. Is gné bhuntábhachtach den fhónamh a dhéanann TG4 don lucht féachana caighdeán an seirbhíse. Ionas go ngnóthaíonn TG4 meas an uile dhuine maidir le nuálaíocht i gcúrsaí cíosamhairc maidir leis an nGaeilge, ní féidir ligean do chaighdeán an phictiúir a bheith ina mhíbhuntáiste ar aon cheann de na hardáin. Ní foláir, dá réir sin, TG4 a chur ar chomhchéim le RTÉ ar ardán Saorview.

Is tábhachtach an t-ardán ceann Saorview a mbaineann 634,000 teaghlach teilifíse úsáid as, 203,000 acu sin atá taobh le Saorview amháin¹. Trí ardán Saorview a bhreathnaíonn 42% de lucht féachana TG4 (iomlán na ndaoine aonair) ar an tseirbhís faoi láthair.

¹ Nielsen, 2022. Is féidir le teaghlach teilifíse níos mó ná bealach amháin breathnaithe a thapú.

TG4+1 ar Saorview

Éiríonn go maith leis an gcóras atrátha +1 i margadh na Ríochta Aontaithe agus i margadh na hÉireann. Tugtar deis áirithe breathnú nó taifeadh atrátha a dhéanamh. Cloítear cuid mhór le múnla 'claonadh chun deiridh' ar aon dul leis an ggraoltóireacht líneach seachas le múnla 'claonadh chun cinn' mar a bhaineann le seinnteoirí neamhlíneacha. Is mar gheall ar ábhar tréan a bheith i gcoinne a chéile, go háirithe i rith na bpríomhthráthanna craolta idir 19.00pm agus 22.00pm, a éiríonn chomh maith sin leis. Bíonn buntáiste ag cainéil de leithéid Channel 4 agus Five sa Ríocht Aontaithe ó sheirbhísí +1 a thugann seirbhís líneach atrátha nuair atáthar in iomaíocht le mórchomhlachtaí craolacháin de leithéid BBC1 agus ITV1 i rith na bpríomhthráthanna craolacháin. Tá 91 cainéal líneach teilifíse “+1” in Éirinn. Trí cinn acu sin atá á gcur ar fáil ag príomhchainéil na tíre seo féin, cainéil as na Stáit Aontaithe, as an Ríocht Aontaithe agus as an Eoraip an chuid eile ar fad.

Cuireann cainéal +1, i gcás na gcainéal is mó in Éirinn, le líon na ndaoine sa lucht féachana a tharraingíonn an cainéal gach seachtain, ní a bhfuil tábhacht leis maidir le ceangal a choinneáil leis an lucht féachana go ginearálta. I rith na bliana 2021, tharraing RTÉ One +1 aird 21.8% den lucht féachana gach seachtain ar an meán, RTÉ2 +1 6.8% agus Virgin Media One +1 8.6%.

De réir mar is mó de na cainéil +1 atá ar fáil, bíonn súil ag an lucht féachana leis an tseirbhís. Feictear gur rogha eile atá iontu in éineacht le seirbhísí atrátha eile agus seirbhísí Ar a Éileamh.

Is é a mheasann TG4 go gcuideoidh cainéal TG4+1 leis na cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích, ní amháin do phobal na Gaeilge agus do mhuintir na Gaeltachta, ach don phobal ar fud oileán na hÉireann. Déanfar freastal d'éileamh an lucht féachana, don áisiúlacht agus don chaoithiúlacht. Treiseofar go háirithe leis an tseirbhís ar ardán Saorview agus déanfar fónamh do dhaoine sa lucht féachana nach dtapaíonn seirbhísí ar líne ná seirbhísí atrátha nó nach féidir leo iad sin a úsáid.

Is léir ó shuirbhé neamhspleách a rinneadh go bhfuil éileamh ag **an lucht féachana náisiúnta** - ní amháin lucht féachana na Gaeilge - ar chainéal TG4+1. Bhí 51% de fhreagróirí an tsuirbhé den tuairim/go láidir den tuairim go gcuirfeadh cainéal TG4+1 leis an ábhar fiúntach siamsúil Gaeilge a bhreathnódís agus d'áitigh 34% go mbeidís féin nó daoine eile dá dteaghlach ag faire ar an gcainéal go rialta. Is léir ó obair neamhspleách taighde chomh maith go bhfuil spéis mhór ag lucht labhartha na Gaeilge i gcainéal TG4+1. 80% de fhreagróirí an tsuirbhé a d'aontaigh/a d'aontaigh go láidir go mbeadh suim acu féin nó ag duine den teaghlach i gcainéal TG4+1 agus 73% a d'aontaigh/a d'aontaigh go láidir go mbeadh siad féin nó duine den teaghlach ag faire go rialta ar chainéal TG4+1 ¹.

Tá ciall le cainéal TG4+1 freisin ó thaobh leas iomlán a bhaint as an ilphléacs DTT 24 uair a chloig ó tá beartaithe TG4+1 a chur ar an aon ilphléacs DTT le *Cúla4*, gan aon chostas breise².

Togra

1. I rith na bliana 2023, cuirfear cainéal TG4+1 ar bun ar ilphléacs 24 uair a chloig *Cúla4* ar Saorview, ar bheagán costais nó gan costas ar bith.
 - Craolfar TG4+1 ón 20.00pm gach tráthnóna nuair a thagann deireadh le craoladh *Cúla4* agus tiocfaidh deireadh le craoladh TG4+1 ar maidin ag 06.00am nuair a thagann *Cúla4* ar ais ar an aer. Beidh TG4+1 ar aon dul go díreach le sceideal TG4 i rith na bpríomhthráthanna (ón 19.00pm ar chainéal TG4) ach aon uair a chloig ar atráth. Cainéal atrátha a thugtar ar a leithéid sin agus is é atá i gceist athchraoladh uair a chloig níos deireanaí (+1) a dhéanamh ar ábhar phríomhchainéal TG4.
2. Leathnófar freisin le seirbhís HD TG4 ar Saorview.

¹ IPSOS MRBI agus OÉG, 2022.

² Féach an Moladh maidir le *Cúla4* a chur ar bun mar Chainéal Gaeilge faoi leith do Leanaí agus Cainéal TG4+1 ar Saorview, Bealtaine 2022.

3. Cur leis an infheistíocht in ábhar Gaeilge do dhreamanna faoi 35 bhliana d'aois sa lucht féachana.



Achoimre maidir le Togra na bliana 2023

- Dhá shraith nua ó bhonn a choimisiúnú (7 uair a chloig an ceann) ag díriú ar dhaoine 15-34.
- Infheistíocht bhreise in *BLOC* TG4, in ábhar ar líne agus ar na meáin chumarsáide lena n-áirítear Plean Coimisiúnaithe nua do Réimsí Digiteacha.
- Gradam Ceoil TG4 a thabhairt os comhair lucht éisteachta idirnáisiúnta chun rochtain agus feachtas ar TG4 agus Ceol Traidisiúnta na hÉireann a mhéadú.



Infheistíocht Bheartaithe 2023 (féach Cuid 4)

Infheistíocht bhreise de €1,290,000:

- €540,000 ar ábhar nua-choimisiúnaithe don sceideal craolacháin.
- €400,000 d'infheistíocht in *BLOC* TG4 in ábhar ar líne agus ar na meáin chumarsáide.
- €350,000 ar Gradam Ceoil TG4 a thabhairt os comhair lucht éisteachta idirnáisiúnta



Spriocbhearta 2023

- Tráthanna nua i rith na bpríomhthráthanna craolta.
- 14 uair a chloig nua d'ábhar dána atá spéisiúil ag dreamanna níos óige sa lucht féachana.
- Ábhar nuachomisiúnaithe do *BLOC* TG4
- Camchuart náisiúnta agus idirnáisiúnta trína gcuirtear an Ceol Gaelach chun cinn, beo agus mar ábhar craolacháin.



Spriocthorthaí

- Ardú 10% ar an sciar den dream seo sa lucht féachana a dtarraingítear a n-aird ar TG4.
- Ardú 30% maidir le hábhar TG4 ar na meáin shóisialta a bhreathnú.
- Ardú 30% maidir le físeáin *BLOC* TG4 a bhreathnú.
- Bonn treise faoi chumas dhaoine in earnáil an léiriúcháin agus sa tionscal a fhorbairt.
- Freastal ceart ar dhreamanna níos óige sa lucht féachana le hábhar a spreagann iad agus a chothaíonn ceangal leis an nGaeilge acu.
- Cuirtear le lorg cultúir dhomhanda na hÉireann don Diaspóra trí Cheol Traidisiúnta Gaelach a chur ar fáil do lucht féachana idirnáisiúnta.

Réamheolas

Tá na daoine óga ag éirí aníos i dtimpeallacht na meán cumarsáide domhanda inarb é an Béarla atá go mór chun tosaigh agus ní mór an ceangal agus an tábhacht a bhraitheann dreamanna níos óige sa lucht féachana le TG4 a neartú. Is iadsan a shocróidh a bhfuil i ndán do TG4 agus don Ghaeilge féin mar ghnáthurlabhra. San am a caitheadh, d'fhág easpa cistíochta gurbh dheacair spéis na ndreamanna seo a spreagadh go leanúnach. Mar gheall ar ghanntan cistíochta, níorbh fhéidir le TG4 ábhar nua drámaíochta agus siamsaíochta a chur ar fáil bliain i ndiaidh bliana agus, ar an gcuma sin, an ceangal le dreamanna níos óige a leathnú agus a threisiú.

Tá tús curtha, le cistí breise do TG4 le dhá bhliain anuas, leis an bpróiseas maidir le hathchothromaíocht i bhfabhar dhaoine níos óige ar na meáin chumarsáide Gaeilge. Tá infheistíocht á dhéanamh in ábhar níos spleodraí dána don sceideal craolacháin agus, den chéad uair riamh, tá socrú Ollsoláthair (conradh olltáirgíochta ceithre bliana) ag TG4 maidir le daoine 15-34, le 2022 ar bhliain tosaigh an téarma. Tá ábhar sárspeisiúil ríspreagúil i bhformáidí gairide á chruthú againn freisin ionas gur fairsinge a tharraingítear aird dhreamanna níos óige. Mar shampla, bíonn teacht ar *Bloc*, cainéal meán sóisialta TG4, ar fáil ar fud ardáin éagsúla de leithéid Instagram, Facebook, YouTube, Tik Tok agus eile. Cruthaítear go maith le daoine níos óige. Tá socrú soláthair nua trí bliana á thabhairt i bhfeidhm ag TG4 maidir le *Bloc* sa bhliain 2022 agus béim ar ábhar i bhformáidí gairide a chur ar fáil ar na hardáin shóisialta do dhreamanna óga sa lucht féachana.

Togra

1. Tá d'aidhm ag TG4, sa bhliain 2023, dhá shraith nua ó bhonn a choimisiúnú (7 uair a chloig an ceann) ag díriú ar dhaoine 15-34.

Is é ab fhearr dá bhféadfadh TG4 infheistíocht a dhéanamh i dhá chonradh ollsoláthair nua ceithre bliana don lucht féachana seo ach admhaítear cúrsaí eacnamaíochta, boilsciú go háirithe, a bheith mar atá agus gur mó an dúshlán a bhaineann dá réir sin le socrú táirgíochta ceithre bliana ag earnáil na léiritheoirí neamhspleácha.

Ó thaobh forbairt ar an lucht féachana agus ar earnáil an léiriúcháin araon, is tábhachtach an rud go leanann TG4 den infheistíocht in ábhar don chuid seo den lucht féachana. Go dtí le tamall anuas, mar gheall ar theorainneacha le socrúithe olltáirgíochta / snáthanna coimisiúnaithe maidir le hábhar dírithe ar an lucht féachana 15-34, níorbh fhéidir le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha an scála agus an

acmhainn a thabhairt i gcrích a theastódh chun gnó docht daingean a bhunú ar an réimse sin den lucht féachana amháin. Tá, os a choinne sin, athrú ar an scéal mar gheall ar dhúthracht TG4 maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in ábhar Gaeilge níos dána agus níos spleodraí do dhaoine 15-34 agus bonn treise á chur faoi chomhlachtaí san earnáil maidir le cur leis an acmhainn agus leis an saineolas is gá chun ábhar do lucht féachana níos óige a léiriú. Tá d'aidhm ag TG4 go ligfeadh ábhar breise a bheith á chruthú atá dírithe ar dhaoine sa lucht féachana 15-34 do chomhlachtaí léiriúcháin atá ag díriú ar an sciar seo den lucht féachana leathnú agus forbairt a dhéanamh. Chruthófaí ar an gcaoi sin fostaíocht leanúnach do mheithle léiriúcháin atá tugtha d'ábhar do dhaoine óga a léiriú agus a bhfuil saineolas faoi leith acu sa chúram sin. Cuirfidh tuilleadh infheistíochta in ábhar do dhaoine idir 15-34 bliain ar ár gcumas nasc TG4 leis an déimeagrafach lucht féachana seo a chothú.

2. Infheistíocht bhreise in ábhar BLOC TG4, in ábhar ar líne agus in ábhar na meán sóisialta.

Ag teacht leis an mbreis úsáide as seirbhísí ar a éileamh agus seirbhísí ar líne ag dreamanna níos óige sa lucht féachana, tá d'aidhm ag TG4 an t-ábhar neamhlíneach a fhorbairt agus dreamanna níos óige a chur "i lár báire" ar na hardáin ar líne agus na meáin shóisialta. Cuirfear ardú €400,000 leis an infheistíocht in ábhar spéisiúil i bhformáidí gairide a chruthú le haghaidh BLOC, cainéal meán sóisialta TG4 do dhaoine 18-34.

Ábhar arna chruthú ag an lucht úsáide den chuid is mó is ea an t-ábhar a cruthaíodh le haghaidh BLOC go dtí seo. Tá d'aidhm ag TG4 ábhar nua Gaeilge a choimisiúnú atá tarraingteach ag an aoisghrúpa 18 - 25 bliana d'aois. Bheadh an t-ábhar nua seo dírithe ar lucht féachana Glúin Z agus arna chaomhchóiriú leis an togra atá ag Údarás na Gaeltachta maidir le sainiúlacht ógra na Gaeltachta i saol Gaeltachta na linne seo a chothú agus a thabhairt i dtreis. Chuirfí cistí breise in úsáid chun tionscadail d'ardáin faoi leith a choimisiúnú go sonrach le haghaidh Tik Tok agus don chainéal YouTube. Is bonn daingean tionscadail BLOC le dhá bhliain anuas ar féidir ceangal níos dlúithe leis an lucht féachana a bhunú air. Áirítear ar na tionscadail sin: Na DEBS, an chéad drama Tik Tok de chuid BLOC / Éire Ildánach; Le Ceangal, drama Digiteach ón Tús de chuid BLOC / TG4 i rith aimsir Covid-19; agus, Glúin Nua, sraith de shnáithe gearrchláracha faisnéise arna cruthú ag Stiúrtóirí nua Gaeilge atá ag teacht chun cinn.

Mar ghné den fhorbairt ar ábhar digiteach TG4, beidh Plean Coimisiúnaithe maidir le hÁbhar Digiteach á leagan amach chomh maith i ndáil le straitéis coimisiúnaithe ilardáin 360°. Tá de chuspóir, de réir mar is cuí sin, go mbeadh an t-ábhar ar fad á chur ar fáil ar fud na n-ardán éagsúil agus go mbeadh aon phróiseas coimisiúnaithe amháin ag na comhlachtaí léiriúcháin maidir le tionscadail ilardáin. Cuirtear i gcás, aon choimisiún amháin agus aon phróiseas coimisiúnaithe amháin maidir le gnéithe teilifíse agus gnéithe ilardáin, mar shampla físeáin fón póca, na meáin shóisialta, Aipeanna, láithreán gréasáin agus tionscnaimh maidir le láithreacha faoi leith etc.

3. Gradam Ceoil TG4 a thabhairt os comhair lucht éisteachta idirnáisiúnta

Tá mór bheim straitéise ag TG4 maidir leis an mbliain 2023 (agus i mbliana) ar thionscnaimh éagsúla a thabhairt i gcrích ionas gur fairsinge a théitear i gcion ar an lucht féachana idirnáisiúnta agus gur mó an aird a bhíonn ar TG4 ag muintir na hÉireann ar fud an domhain. Tá rún againn dul i bhfeidhm níos treise ó thaobh cultúir agus teanga ar fud an domhain agus leathnú le hardán TG4 mar chrann seasta ag ealain agus cultúr na hÉireann. Tiocfaidh dá thoradh sin, leathnú ar lorg na hÉireann ar fud an domhain trí cheiliúradh a dhéanamh ar theanga agus ar chultúr na tíre ar bhealach siamsúil le Diaspóra na hÉireann agus ábhar cultúir de chuid na tíre seo a chur ar a súile do dhaoine thar lear.

Tá dea-chlú bainte amach cheana féin in Éirinn ag TG4 maidir le Gradam Ceoil TG4, ceiliúradh spleodrach a chuireann an Ceol Gaelach i lár an aonaigh. Tá beartaithe againn, sa bhliain 2023, leathnú le teacht i láthair Ghradam Ceoil TG4 go hidirnáisiúnta trí cheiliúradh a dhéanamh ar na ceoltóirí agus a gcumas a chur i láthair Dhiaspóra na hÉireann. Tá de rún na ceoltóirí óga go háirithe a chur chun cinn ar an gcaoi seo, agus díriú ar lucht éisteachta níos óige.

Áirítear imeachtaí a cruthaíodh agus a ndearnadh sruthchraoladh orthu i gcomhar le gníomhaireacht Diaspóra / idirnáisiúnta ar na cláracha / sruthanna beo is fearr a chruthaithe ar Sheinnteoir TG4. Mar shampla, tháinig lucht féachana níos fairsinge (go náisiúnta agus, go háirithe, go hidirnáisiúnta) d'ábhar TG4 de thoradh ar bheartaíocht le hAmbasáidí de chuid na hÉireann (i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha), le hAmbasáid Stáit Aontaithe Mheiriceá in Éirinn agus mar gheall ar Mayo Day.

Beidh an Camchuairt molta do Ghradam Ceoil TG4 dírithe ar dheiseanna idirnáisiúnta oibriú i gcomhar ar mhaithe le TG4 agus roinnt de na ceoltóirí traidisiúnta is fearr in Éirinn a chur os comhair lucht féachana nua. Rachaidh buaiteoirí Ghradam Cheoltóir na Bliana agus Cheoltóir Óg na Bliana 2021, in éineacht le ceoltóirí ar bronnadh Gradaim orthu roimhe seo, ar chamchuairt náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhar le TG4. Tapófar deiseanna na himeachtaí seo a chur i láthair lucht féachana idirnáisiúnta i gcomhar le gníomhaireachtaí Diaspóra / idirnáisiúnta. Mar shampla, ba nádúrtha an bheartaíocht i gcomhar sruthchraoladh beo a dhéanamh ar ócáidí in Ambasáidí na hÉireann thar lear.

Tugann Camchuairt Ghradam Ceoil TG4 deis Diaspóra na hÉireann go forleiththeadach a cheangal le hábhar cultúir TG4 agus ceiliúradh a dhéanamh cheoltóirí óga traidisiúnta ar an ardán idirnáisiúnta.

Bheadh beartaithe camchuairt a thabhairt ar suas le sé ionad idirnáisiúnta.

4. Cur leis na cistí do Dhrámaíocht Gaeilge a Léiriú & do Dhaoine Cumasacha a Chothú i mbun an Tionscail.

Réamheolas

Mar a leagtar amach i bhFís TG4 tar éis Covid-19 2022-2025, tá de chuspóir ag TG4 cur ó thaobh scála le scannáin agus cláracha drámaíochta ar scáileáin TG4 agus, dá réir sin, leis an scála léiriúcháin ó thaobh scannánaíocht agus drámaíocht na Gaeilge, go háirithe sna réigiúin. Beidh clár mórinfheistíochta i gceist leis sin ag TG4 ach tiocfaidh buntáistí suntasacha dá thoradh. Áirítear orthu sin: fiúntas níos fearr ag an lucht féachana Gaeilge; creatchóras a fhónann do chultúr, scéalaíocht agus sainiúlacht lucht na Gaeilge agus na teanga féin a chaomhnú; agus scileanna, infreastruchtúr agus acmhainn léiriúcháin a chothú sna réigiúin maidir le drámaíocht agus scannánaíocht.

Tá daoine cumasacha nua a thabhairt chun cinn buntábhachtach freisin maidir le fís TG4. Chomh maith leis na scéimeanna maidir le forbairt scileanna a thugtar i gcrích i gcomhar le Fís Éireann, Údarás na Gaeltachta agus páirtneirí eile, tá straitéis maidir le scileanna agus cumas a fhorbairt á thabhairt san áireamh le gach gairm coimisiúin d'fhonn cuidiú le cuideachtaí daoine ábalta nua a aimsiú agus a chothú agus a bheith istigh a chinntiú sa tionscal ag daoine nua. Is mian linn cur leis an infheistíocht sna scéimeanna agus sna tionscnaimh seo, sa bhliain 2023, d'fhonn fónamh don fhorás ar earnáil na cruthaitheachta i réigiúin na hÉireann agus d'fhorbairt scileanna.

Togra

1. Cur le hinfheistíocht TG4 in *Cine4* d'fhonn scála agus tionchar breise.

Déantar le scéim scannánaíochta TG4 i gcomhar le Fís Éireann agus an tÚdarás Craolacháin, *Cine4*, bonn treise a chur faoi dhrámaíocht ardchaighdeán i nGaeilge a léiriú. Déantar na scannáin a chur ar taispeáint ag féilte scannánaíochta agus i bpictiúrlanna sula ndéantar iad a chraoladh den chéad uair ar TG4. Tá scannáin Ghaeilge á léiriú faoin scéim ón mbliain 2017 i leith a raibh an-rath orthu agus a tharraing ardmholadh ó léirmheastóirí in Éirinn agus thar lear. Mar shampla, roghnaíodh *Arracht* ar iarracht na hÉireann do Ghradam Oscar an Fhadsannáin Idirnáisiúnta is Fearr sa bhliain 2021 agus *Foscadh* don ghradam céanna sa bhliain 2022. Cuireadh *An Cailín Ciúin* ar taispeáint sna pictiúrlanna sa bhliain 2022 agus gnóthaíodh dhá mhórdhuais ag an 63^ú Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta i mBeirlín, ocht ngradam IFTA agus gradam Chiorcal Chriticeoirí Scannánaíochta Bhaile Átha Cliath (DFCC) do Shárscannán na hÉireann chomh maith le Gradam an Lucht Féachana. Le léirmheasanna moltacha óna bhreathnú sa phictiúrlann, is cosúil go mbeidh sé ar an scannán de chuid na hÉireann is airde ollioncam le blianta anuas. Bhronn DFCC an gradam don Chompántas is Fearr freisin ar *Róise & Frank* a bheidh á chur ar taispeáint níos deireanaí i mbliana.

Faoi láthair, bíonn buiséad suas le €1.2m ag gabháil le fadscannáin drámaíochta a dhéantar mar thionscadal faoin scéim *Cine4*. Tá de chuspóir ardú €200,000 a chur le hinfheistíocht TG4 in *Cine4* sa bhliain 2023, le hardú €100,000 ar an sciar a chuireann TG4 ar fáil do bhuiséad léiriúcháin gach tionscadal faoi seach. Fágfaidh sin ardú go dtí €300,000 ar sciar TG4 den bhuiséad (cothrom le sciar Scáileán Éireann). Tiocfaidh saothair ar chaighdeán níos airde arís de thoradh ar an infheistíocht bhreise seo agus toradh níos tréine ar chistíocht na scéime. Sa bhliain 2023, tacóidh TG4 le dhá scannán nua á léiriú agus beidh ceithre cinn eile á bhforbairt i rith na bliana.

Achoimre maidir le Togra na bliana 2023

- Cur le hinfheistíocht TG4 in *Cine4* d'fhonn scála agus tionchar breise.
- Tionscnaimh d'fhonn cumas dhaoine a chothú a thabhairt i gcrích i gcomhar le geallsealbhóirí sa tionscail.
- Earnáil na léiritheoirí closamhairc san Iarthuaisceart a fhorbairt.

Infheistíocht Bheartaithe 2023 (féach Cuid 4)

- Infheistíocht iomlán bhreise €1,060,000:
 - Ardú €200,000 ar an infheistíocht in *Cine4*.
 - Infheistíocht €360,000 i scéimeanna maidir le daoine cumasacha a thabhairt chun cinn.
 - Infheistíocht €500,000 in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha ins an Iar-Thuaisceart.

Spriocbhearta 2023

- Infheistíocht bhreise €1.06m i léiriú scannáin agus chláracha drámaíochta Gaeilge sna réigiúin in Éirinn agus san acmhainn léiriúcháin.
- Scéimeanna nua ar bun i dtaca le cláracha drámaíochta agus faisnéise Gaeilge a léiriú agus cumas dhaoine sa tionscail a fhorbairt (go háirithe scríbhneoireacht agus stiúrthoireacht i nGaeilge).
- Aschur nua d'ardáin chraolta agus ar líne TG4

Spriocthorthaí 2023

- Léiriú scannáin agus cláracha teilifíse ar scála níos mó sna réigiúin.
- Daoine cumasach nua a chothú agus a fhorbairt.
- Earnáil an léiriúcháin closamhairc ins an Iar-Thuaisceart a fhorbairt, lena n-áirítear daoine cumasacha, áiseanna agus seirbhísí taca.
- Cuidiú le daoine óga atá cumasach i mbun obair léiriúcháin i nGaeilge a choinneáil sna réigiúin.

2. Tionscnaimh d'fhonn cumas dhaoine a chothú a thabhairt i gcrích i gcomhar le geallsealbhoirí sa tionscail.

Tá d'aidhm ag TG4 cur sa bhliain 2023 leis an infheistíocht i scéimeanna maidir le gearrscannáin agus cláracha faisnéise atá curtha ar bun i gcomhar le páirtneirí sa tionscal d'fhonn cumas agus scileanna lucht thionscal an léiriúcháin in Éirinn a fhorbairt. Is iad na scéimeanna iad sin:

- *Tús;*
- *Céim Eile;*
- *Gearrscannáin faisnéise;*
- Scéim maidir le cláracha faisnéise leathuair a chloig; agus,
- Scéim maidir le fadscannáin faisnéise.

Mar ghné amháin de Cine4, chuir TG4 Tús ar bun, scéim maidir le gearrscannáin Ghaeilge (10-12 nóiméad), d'fhonn an cumas i léiriú scannáin a thabhairt chun cinn i gcomhar le Fís Éireann agus le Ciste Craoltóireachta na Gaeilge (ILBF). Is é atá de chuspóir ag TG4 €750k a infheistiú i rith na gceithre bliana seo chugainn d'fhonn 45 duine nua cumasach a thabhairt chun cinn san earnáil agus 15 gearrscannán nua Gaeilge a léiriú d'ardáin craolacháin agus ar líne. Maidir leis an mbliain 2023 go sonrach, tá sé mar aidhm ag TG4 10 dtionscadal gearra a fhorbairt agus trí ghearrdhráma a léiriú d'ardáin chraolta agus ar líne TG4. Déanfar na scannáin a chur ar taispeáint ag féilte agus sna pictiúrlanna de réir mar is cuí.

Tá Céim Eile, curtha ar bun ag TG4 freisin, scéim maidir le gearrdhrámaí Gaeilge (20-30 nóiméad), i gcomhar le Fís Éireann agus an ILBF. Tá sé mar aidhm 8 dtionscadal 25' a fhorbairt agus trí ghearrscannán a léiriú in 2023 d'ardáin chraolta agus ar líne TG4. Déanfar na scannáin a chur ar taispeáint ag féilte agus sna pictiúrlanna de réir mar is cuí chomh maith.

Sa bhliain 2023, beidh infheistíocht á dhéanamh ag TG4 freisin i dtrí cinn de scéimeanna nua maidir le hábhar faisnéise:

- *Mini-Docs:* scéim nua maidir le cláracha gairide faisnéise. Tá de chuspóir ag TG4 10 gclár faisnéise gearra 12' a fhorbairt agus trí chlár faisnéise gearra a léiriú in 2023 d'ardáin chraolta agus ar líne TG4.
- Scéim nua maidir le cláracha faisnéise leathuair a chloig: tá rún ocht gcinn a fhorbairt agus trí cinn a tháirgeadh in 2023 d'ardáin chraolta agus ar líne TG4.
- Gné-scéim faisnéise nua. In 2023, tá sé mar aidhm ag TG4 ceithre thionscadal fad gné a fhorbairt agus dhá cheann a tháirgeadh. Arís, déanfar na scannáin a chur ar taispeáint ag féilte agus sna pictiúrlanna de réir mar is cuí

Leanfar i gcás gach togra léiriúcháin de chumas na mban a chur chun cinn in earnáil an léiriúcháin chomh maith lena áiteamh ar léiritheoirí nósanna léiriúcháin den inmharthanacht a chur i bhfeidhm ionas go bhfóntar do thionscal is cóiriúla don timpeallacht a thabhairt i bhfeidhm i mbun ábhar don scáileán a léiriú in Éirinn

3. Earnáil na léiritheoirí closamhairc san lathuaisceart a fhorbairt.

Tá de rún ag TG4 oibriú i gcomhar le Scáileán Éireann agus le hÚdarás na Gaeltachta maidir le hearnáil an léiriúcháin closamhairc in lathuaisceart na tíre a fhorbairt. Tá d'aidhm €500,000 a infheistiú i dtogra comhléiriúcháin chun sé huaire a chloig d'ábhar “film noir” a léiriú i spás stiúideo atá ar fáil cheana féin.

Beidh scéim maidir le scileanna agus inniúlacht a chothú ina ghné den togra comhléiriúcháin seo. Is é cuspóir atá leis an scéim daoine cumasacha nua a thabhairt chun cinn agus daoine nua a mhealladh isteach sa tionscal. Tá d'aidhm leis go háirithe fónamh do dhaoine cumasacha nua a thabhairt chun cinn i mbun scríbhneoireachta agus stiúrtóireacht trí Ghaeilge sa réigiún seo.

Rachaidh seo chun sochair ar bhealaí eile sa cheantar maidir le infheistíocht a spreagadh in áiseanna stiúideo, léiriúcháin agus iarléiriúcháin etc., caiteachas breise ar sheirbhísí áitiúla soláthair, mar shampla seirbhísí léiriúcháin, lóistín, iompar, lónadóireacht etc., agus cuidiú le daoine óga le Gaeilge a bhfuil cumas léiriúcháin iontu a choinneáil sa réigiún.

Trí na trí scéim thuas, tacóidh TG4 le tallainne nua agus reatha a fhorbairt san earnáil chlosamhairc in Éirinn, go háirithe sna réigiúin, mar a leagtar amach níos mó i gCuid 5.

5. Seirbhís agus Acmhainn Dhigiteach Nuachta TG4 a chur ar bun.



Achoimre maidir le Togra na bliana 2023

- Seirbhís Dhigiteach Nuacht TG4 a chur ar bun (Aip & láithreán gréasáin san áireamh).
- Acmhainn nuachta & cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt.
- Comhar/páirtnéireacht a chothú le foinsí réigiúnacha ilardáin nuachta.
- Athláithriú ar bhranda Nuacht TG4.



Infheistíocht Bheartaithe 2023 (féach Cuid 4)

€810,000 i rith na bliana 2023:

- €410,000 d'acmhainní maidir le nuacht dhigiteach.
- €300,000 d'ardán teicniúil don nuacht dhigiteach, Aip & láithreán gréasáin.
- €100,000 d'athchur i láthair ar bhranda Nuacht TG4.



Spriocbhearta 2023

- Seirbhís dhigiteach Nuachta faoi stiúir agus faoi bhranda TG4 lena n-áirítear Aip Nuacht TG4, láithreán gréasáin agus teacht i láthair go tréan ar na meáin shóisialta.
- Seirbhís Nuachta ilardáin i nGaeilge do leanaí.
- Acmhainn eagarthóireachta agus áiseanna maidir le nuacht dhigiteach ar bun in TG4, foireann réigiúnach iriseoireachta agus eagarthóireachta san áireamh.



Spriocthorthaí 2023

- Seirbhísí nuachta níos cuimsithí atá ar fáil ag gach tráth le dearcadh eagarthóireachta faoi leith de chuid TG4.
- Seirbhís nuachta níos fearr ó thaobh iomadúlachta agus iléagsúlachta ag lucht labhartha na Gaeilge agus ag muintir na Gaeltachta.
- Seachtar iriseoirí cumasacha nua Gaeilge.

Réamheolas

Tagann seirbhís nuachta TG4 faoin aon uair a chloig in aghaidh an lae d'ábhar a chuireann RTÉ ar fáil do TG4 faoin reachtaíocht. Cé go mbíodh neamhspleáchas le braith, i mblianta tosaigh TG4, ar Nuacht TG4 (le Nuacht RTÉ éagsúil ó Nuacht TG4) tharla, le himeacht na 2000idí, neamhspleáchas straitéiseach Nuacht TG4 a ghabháil ar gcúl agus a theacht níos tréine le straitéis nuachta agus meon eagarthóireachta RTÉ.

Clár Nuacht TG4 ag 7 i.n. an príomhtháirge nuachta. Bíonn mórchuid na míreanna is suntasaí craolta cheana féin i mBéarla nó i nGaeilge ar RTÉ One faoin tráth sin nó foilsithe ar aip RTÉ News. Dá réir sin, faoi láthair, bíonn buntáiste ag RTÉ, maidir le soláthar réigiúnach nó soláthar Gaeilge, as an soláthar nuachta faoin reachtaíocht do TG4 ach cinneann ar an soláthar sin seirbhís shainiúil ilardáin de chuid Nuacht TG4 a chur ar fáil ná ábhar cúrsaí reatha fiosrúcháin de chineál ar bith do TG4.

Ní mór dul i ngleic leis an easpa sin. Bíonn seirbhís nuachta buntábhachtach maidir le gach craoltóir seirbhíse poiblí agus ina léiriú ar mheon an chraoltóra sa réimeas poiblí. Feictear ó bheart taighde go bhfuil 98% de na heagraíochtaí Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí in Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) a bhfuil seirbhís nuachta faoi leith ar líne acu, 68% a bhfuil Aip faoi leith nuachta acu agus 88% a chruthaíonn ábhar nuachta go speisialta do na meáin shóisialta ¹.

Is léir ó thaighde neamhspleách² gurb é is mian le lucht féachana na Gaeilge ó TG4 :

- Seirbhís nuachta níos uilechuimsithí le meon “súil eile”, seirbhís nuachta síorathraitheach ar líne san áireamh;
- Dearcadh eagarthóireachta níos sainiúla maidir leis an nuacht náisiúnta agus nuacht idirnáisiúnta;
- Cur le buanna reatha Nuacht TG4 maidir le nuacht áitiúil agus nuacht réigiúnach; agus,
- Infheistíocht níos mó in iriseoireacht fiosrúcháin agus clár oibre nuachta a leagan amach.

Is fearr a bheadh cás na nuachta in Éirinn maidir le hiléagsúlacht agus iomadúlacht sa chás go dtabharfaí dearcadh neamhspleách de chuid Nuacht TG4 chun cinn in athuair agus go mbeadh réimse níos leithne seirbhísí nuachta á gcur ar fáil do lucht féachana na Gaeilge ag TG4. Tá d'aidhm dul chun cinn i leith an chuspóra sin i rith na bliana 2023, mar a leagtar amach thall.

¹ Mar a chuireann Eagraíochtaí Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí luach ar fáil. Aontas Craolacháin na hEorpa, Nollaig 2021.

² Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), 2021.

Tá de **straitéis fhadtéarmach** ag TG4 mar bhranda meán cumarsáide seirbhíse poiblí:

- Seirbhís nuachta neamhspleách de chuid TG4 agus acmhainn léiriúcháin chuige sin a chur ar bun.
- Neamhspleáchas iomlán ó thaobh eagarthóireachta, infreastructúir agus cistíochta faoi bhranda *Nuacht TG4* maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha.
- Acmhainn iriseoireachta a fhorbairt do TG4 sna réigiúin le foireann eagarthóirí agus iriseoirí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus sna réigiúin ar fud na tíre.
- Punann cuimsitheach seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil, lena n-áirítear seirbhís nuachta ilardáin faoi bhranda; trácht ar chúrsaí na réigiún, na hÉireann, na hEorpa agus an domhain, Aip Nuacht TG4 agus láithreán gréasáin; seirbhís iomlán nuachta (ní hionann agus clár sa lá); seirbhísí nuachta digiteacha atá ar fáil go seasta síoraí agus teacht i láthair go feiceálach ar na meáin shóisialta; agus, seirbhísí nuachta do leanaí.
- Infheistíocht a dhéanamh maidir le hacmhainn cúrsaí reatha fiosrúcháin agus treisiú le hábhar cúrsaí reatha TG4.
- Go búnúsach, seirbhís nuachta a léiriú go hiomlán i nGaeilge do na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí. Tá sin ag teacht le hinniúlacht TG4 maidir le meáin chumarsáide Gaeilge agus is fearr an luach a gheobhadh an Stát ar an airgead.

Togra

Tá d'aidhm ag TG4 i rith na bliana 2023:

1. Seirbhís Dhigiteach Nuachta TG4 a sheoladh.

Tugtar san áireamh leis seo Aip Nuachta agus láithreán gréasáin. Cuirfidh infheistíocht i nuacht dhigiteach ar chumas TG4 an acmhainn léiriúcháin maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha a fhorbairt chomh maith le nuacht áitiúil agus ábhar sainchóirithe pearsanta a chur ar fáil maille le seirbhísí digiteacha nuachta agus cúrsaí reatha, ar n-áirítear Aip Nuachta, láithreán gréasáin, podchraoladh, acmhainní nuachta eile ar líne, ardáin na meán sóisialta san áireamh.

2. Acmhainn agus inniúlacht TG4 maidir le nuacht agus cúrsaí reatha a fhorbairt.

Tá d'aidhm againn Ceannasaí Nuachta & Cúrsaí Reatha TG4 a cheapadh. Déanfaidh an té sin: ceannródaíocht i mbun eagarthóireachta do TG4; seirbhísí digiteacha nuachta TG4 a fhorbairt; oibriú go dlúth le Príomheagarthóir Nuacht TG4 le RTÉ; agus, cúram maidir le haisling fhadtéarmach TG4 i ndáil le nuacht agus cúrsaí reatha a thabhairt i gcrích.

Tá d'aidhm againn freisin seisear Iriseoirí Digiteacha TG4 (ildisciplíneacha) a cheapadh agus iad lonnaithe go réigiúnach / i ngach ceantar Gaeltachta maille le duine amháin i dTuaisceart Éireann. Cuirfear ar bun ar an gcuma sin craobhchóras d'iriseoirí óga nua agus tuairisceoirí pobail le Gaeilge ionas go dtugtar chun cinn acmhainn ildisciplíne TG4 maidir le nuacht Gaeltachta agus réigiúnach.

4. Ardán teicniúil maidir le nuacht dhigiteach a chur sa siúl lena n-áirítear Aip agus láithreán gréasáin.

5. Comhar páirtnéireachta a chothú maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha.

Tá d'aidhm againn comhar páirtnéireachta a nascadh le foinsí nuachta ilardáin réigiúnacha eile ar a n-áirítear ardán an raidió (go háirithe Raidió na Gaeltachta), nuachtáin, ardáin dhigiteacha, podchraoltóireacht, teilifís etc. Táthar ag féachaint le hábhar ó fhoinsí éagsúla a fhoilsiú agus a chur i láthair ionas go mbíonn seirbhís chuimsitheach nuachta i nGaeilge ar fáil. Trí oibriú i gcomhar le páirtnéirí éagsúla, is féidir acmhainní agus saineolas a chur sa timpeall agus a bheith i lár an aonaigh maidir sruthanna nuachta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil.

6. Athcheapadh ar bhranda Nuacht TG4.

Tá d'aidhm againn athcheapadóireacht a dhéanamh maidir le branda Nuacht TG4 an tráth a seoltar na seirbhísí digiteacha nuachta agus i ndáil leis na seirbhísí neamhspleacha nuachta agus cúrsaí reatha atá rún againn a thabhairt i dtreis le himeacht aimsire. Beidh infheistíocht de dhíth ina leith sin maidir le hábhar cumarsáide, stiúideo nuachta agus gnéithe eile infreastructúir etc. chomh maith le deismireachtaí eile brandála.

6. Leathnú le Punann Acmhainní Oideachais TG4 atá bunaithe ar an gCuraclam.



Achoimre maidir le Togra na bliana 2023

- Cláracha nuachomisiúnaithe oideachais le craoladh ar an teilifís.
- Giotáí gearra ábhair do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Togra maidir le Foghlaimeoirí Teanga d'fhoghlaimeoirí fásta.
- Imeachtaí oideachais d'iarbhunscoileanna.
- Suirbhé ar na Bunscoileanna ar fad.
- Cartlann Rochtana Dúnta do thaighde oideachais.



Infheistíocht Bheartaithe 2023 (féach Cuid 4)

€660,000 i rith na bliana 2023:

- €160,000 do ghíotaí gearra ábhair do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- €50,000 do Thogra maidir le Foghlaimeoirí Teanga.
- €250,000 d'imeachtaí Oideachais.
- €50,000 don Suirbhé ar na Bunscoileanna.
- 150,000 do Chartlann Rochtana Dúnta do thaighde oideachais.



Spriobhearta

- Ábhar ina ghíotaí nua do na bunscoileanna agus iarbhunscoileanna.
- Clár piolótach dírithe ar fhoghlaimeoirí teanga fásta
- Dhá imeacht oideachais do scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal.
- Suirbhé ar na bunscoileanna d'fhonn an úsáid as acmhainní TG4 a mheas agus na hacmhainní a bhfuil gá leo a fhiosrú.



Spriocorthaí

- Breis úsáide as acmhainní oideachais TG4:
 - 30% d'ardú maidir le físeáin Cúla4 a bhreathnú go neamhlíneach.
 - 20% d'ardú maidir le físeáin TG4 Foghlaim.
- Acmhainní suntasacha closamhairc don Ghaeilge & do churaclam sa chóras oideachais, don bhunscolaíocht agus don iarbhunscolaíocht go háirithe, chomh maith le foghlaimeoirí taobh amuigh den chóras foirmeálta.
- Tairbhe shuntasach maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú agus a fheabhsú.

Réamheolas

Is acmhainn luachmhar Ghaeilge é *Cúla4* do bhunscoileanna (a bhfuil daonra suntasach beagnach 550,000 páistí idir 5-12 bliain d'aois i gceist¹) lena léirítear i dtaighde a rinneadh go n-úsáideann tuairim is 17,000 múinteoir agus 250,000 páiste bunscoile an t-ábhar sa seomra ranga go minic cheana féin, trí Sheinnteoir² TG4 nó *Cúla4*. Léirítear i dtaighde neamhspleách go n-aontaíonn 97% de phobal labhartha na Gaeilge nó aontaíonn siad go mór go mbeadh cainéal tiomnaithe *Cúla4* (agus dá bhrí sin go mbeadh tuilleadh ábhair *Cúla 4* ann) ina acmhainn mhaith oideachais agus foghlama do pháistí³.

Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19, sheol TG4 clár scolaíochta baile *Cúla 4 ar Scoil*. I measc na n-ábhar a clúdaíodh bhí an Ghaeilge, Mata, Stair agus Tíreolaíocht agus chomh maith leis sin ábhar inar cuireadh béim ar an gcruthaitheacht, ar na healaíona, ar eolaíocht, ar thraidisiúin béil, ar shláinte agus ar fholláine. Craoladh an tsraith cúig lá in aghaidh na seachtaine agus léiríodh í le comhairle oideachais ón Roinn Oideachais agus ó Choláiste Mhuire Gan Smál i Luimneach. Craoladh *Cúla4 ar Scoil* ó mhí an Mhárta go dtí mí an Mheithimh 2020 agus bhí sé ar ais i bhFómhar 2020 don scoilbhliain nua. In 2021, leanadh ar aghaidh leis idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh, ceithre lá in aghaidh na seachtaine. Cuireadh an t-ábhar ar fáil ar líne agus ar chainéal YouTube *Cúla4* chomh maith. D'éirigh go han-mhaith leis an tseirbhís i measc an lucht féachana.

Chun cur leis an mbéim a chuireann TG4 ar acmhainní oideachais Gaeilge, cuireann TG4 *TG4 Foghlaim* ar fáil, ar acmhainn foghlama ar líne é a thacaíonn le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna (lena n-áirítear ábhar closamhairc do churaclam na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh). Forbraíodh an tairseach i gcomhar leis an gComhairle Um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Cuireann TG4 roinnt imeachtaí oideachais ar fáil do scoileanna ar bhonn bliantúil. Mar shampla, cuireadh an t-imeacht *Techféile* ar fáil (i gcomhar le Roinn na Gaeltachta agus le Camara), ar imeacht taispeántais é chun an chruthaitheacht a spreagadh trí theicneolaíocht a úsáid ar óstáladh breis agus 250 páiste ó ar fud na tíre ann; agus, *Iriseoirí an Lae Amárach* (i gcomhar le OÉG agus Nuacht RTÉ), ar chlár seachtaine é maidir le hiriseoireacht na Gaeilge do Dhaltaí Idirbhliana. Chláraigh breis agus 400 dalta don imeacht (féach Cuid 5 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le himeachtaí oideachais).

Is é an aidhm fhadtéarmach atá ag TG4 punann uailmhianach acmhainní oideachais a chruthú a thacaíonn le foghlaim agus oideachas na Gaeilge, chun cur leis an nGaeilge a neartú go fadtéarmach. Tá sé d'aidhm againn líon na bhfoghlaimeoirí óga, na múinteoirí agus na dtuismitheoirí a bhreathnaíonn ar an gcainéal a mhéadú agus an muinín atá acu ina leith a mhéadú, go háirithe i rith phaindéim Covid-19, agus acmhainní a chur ar fáil chun an t-ábhar oideachais is fearr atá ag TG4 a thabhairt chuig an seomra ranga agus chuig foghlaimeoirí sa bhaile.

¹ Daonáireamh 2016, CSO.

² Red C research R4 2020 / R1 2021.

³ OÉG R1 2022. Féach an Togra chun Cúla4 a bhunú ina chainéal tiomnaithe Gaeilge do Pháistí agus chun cainéal TG4+1 a bhunú ar Saorview, Bealtaine 2022.

Togra

In 2023, tá sé i gceist ag TG4 seo a chur ar fáil:

1. Cláracha breise oideachais ar chainéal *Cúla4* ar leith do pháistí (féach togra uimh.1/6):

- Beidh bunús láidir oideachais ag cláracha an chainéil, ar a mbeidh sraitheanna ar nós *Blocuimhreacha* (Number Blocs); *Polos* (Marco Polo World School) agus ábhar de chuid *Sesame Workshop*. Beidh béim ar ábhair STEAM le hábhar nuachomisiúnaithe, agus cuirfidh sin leis an rath a bhí ar shraitheanna ar nós *Innealtóirí*, *Is Eolaí Mé* agus *Timpeall Orainn*. Mar chuid den ábhar coimisiúnaithe freisin beidh sraith a bheidh bunaithe ar fhoghraíocht na Gaeilge chun tacú le foghlaim agus saibhriú na Gaeilge. Beidh *Cúla4 ar Scoil* mar chuid den sceideal freisin. In 2023, déanfaidh TG4 sraith nua oideachais a choimisiúnú do bhunscoileanna (comhléiriúcháin a bhfuil comhlacht maoiniúcháin leis más féidir). Cuirfidh an tsraith ar chumas páistí na príomhthéamaí oideachais a fhoghlaim trí Ghaeilge agus in 2023, is Athrú Aeráide an téama a bheidh i gceist.

2. Giotáí ábhair do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna:

- Chun cur le hábhar *TG4 Foghlaim* agus ábhar *Cúla4* ar Scoil, déanfaimid tuilleadh giotáí ábhair a choimisiúnú do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Déanfaimid an t-ábhar a fhorbairt agus na hacmhainní sin a chur chun cinn le múinteoirí agus daltaí. In 2023:
 - Maidir le hiar-bhunscoileanna, tá sé i gceist againn giotáí d'ábhar Filíochta agus Litríochta a fhorbairt do TG4 Foghlaim ag cur leis an ábhar atá bailithe cheana féin sa réimse sin agus ag tacú le múinteoirí agus daltaí lena gcuid scrúduithe sa Teastas Sóisearach agus san Ardeist. Déanfar mionsraith ag díriú ar litearthacht agus scileanna na meán do scoláirí iar-bhunscoile.
 - Maidir le bunscoileanna, tá sé i gceist againn ábhar nua a chruthú a bheidh dírithe ar thopaicí amhail Uimhearthacht, Litearthacht agus Stair. I rith na dtrí bliana amach romhainn, díreoidh TG4 ar litearthacht, scríbhneoireacht agus scéalaíocht chruthaitheach. Faoi ghíotaí ábhair eile a bheidh le forbairt cuirfear ábhar saincheaptha ar fáil ar chúrsaí meabhairshláinte agus folláine.

3. Togra maidir le Foghlaimeoirí Teanga:

- Forbróidh TG4 cúrsa nua chun tacú le foghlaimeoirí fásta Gaeilge, anseo in Éirinn agus ar fud an domhain (tá Diaspóra suntasach ann a bhíonn ag foghlaim Gaeilge i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gCeanada, sa Nua-Shéalainn agus sa Ríocht Aontaithe. Is réimse é seo nach bhfuil tosaíocht tugtha ag craoltóirí dó ó na 1990idí. Cé go bhfuil líon beag acmhainní foghlama ar líne ann don Ghaeilge sa lá atá inniu ann, tá sé i gceist ag TG4 cúrsaí closamhairc, ilardáin bunaidh a chur ar fáil (ar a mbeidh ábhar nua agus ábhar atá cruthaithe as an gcartlann shaibhir cláracha atá againn) a léireoidh an ceangal atá idir an cultúr agus saibhreas na teanga chomh maith le canúintí éagsúla na Gaeilge.

Tá sé i gceist ag TG4 comhlacht léiriúcháin a choimisiúnú chun tionscadal píolótach a fhorbairt d'ábhar oideachais a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí fásta. Trí úsáid a bhaint as cur chuige cosúil le ceann BBC Alba, seachadfaidh TG4 cúrsa do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an nGaeilge nó iad ag foghlaim na teanga den chéad uair. Is é an aidhm atá againn cúrsa closamhairc ilardáin a chur ar fáil a thacaíonn le foghlaimeoirí na teanga agus a spreagfaidh iad ar a n-aistear chun bheith ina n-úsáideoirí agus ina gcainteoirí Gaeilge.

4. Imeachtaí oideachais d'iar-bhunscoileanna:

- Cuirfidh TG4 imeacht oideachais ar fáil do scoláirí Idirbhliana sa bhliain 2023: Iriseoirí an Lae Amárach. Is clár seachtaine a bheidh anseo a mbeidh sé d'aidhm leis na príomhscileanna Iriseoireachta a mhúineadh do scoláirí agus ugach a thabhairt dóibh a bheith fiosrach faoi shaincheisteanna náisiúnta agus domhanda.
- Forbróidh TG4 imeacht chun ardán a thabhairt do dhéanamh scannán/cruthú ábhair do scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal a bheith dírithe ar chruthaitheacht sa scéalaíocht agus scileanna meán cumarsáide. Tá an t-imeacht seo bunaithe ar imeacht Ghaeilge na hAlban FILM G (www.filmG.co.uk). Tá sé i gceist leis an imeacht bliantúil chun spéis a chothú sa teanga agus deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt gairme sna tionscail chruthaitheacha.

5. Suirbhé ar Úsáid Ábhar TG4 i mBunscoileanna:

- Mar thoradh ar thaighde neamhspleách R4 2020 / R1 2021 Red C, déanfaimid suirbhé ar gach bunscoil sa bhliain 2023 (scoileanna Béarla agus Gaeilge) chun líon na ndaltaí bunscoile a bhfuil fáil acu ar TG4 agus a bhíonn ag breathnú ar TG4 a fháil amach. Díreoidh ar an leibhéal feasachta agus úsáidte a bhaineann múinteoirí agus daltaí bunscoile as acmhainní agus ábhar TG4 sa seomra ranga. Bainfimid úsáid as an taighde chun leanúint dár n-acmhainní a mhéadú agus chun feabhas a chur ar cheangail foghlaimeoirí óga le TG4 agus leis an nGaeilge ó aois óg.
- Bainfimid úsáid as an taighde chun feidhmíocht TG4 a thomhas i ndáil leis an líon páistí, múinteoirí agus scoileanna a bhaineann úsáid as ábhar TG4 a mhéadú.

6. Cartlann Rochtana Dúnta don taighde oideachais :

Ina cháil mar choimeadaí oidhreacht craoltóireachta na hÉireann, tá TG4 ag cosaint na leagáide sin trí Chartlann Dhigiteach Gaeilge a fhorbairt. Is ionann an Chartlann agus taifead tábhachtach ar stair, faisnéis, ceol, spórt agus siamsaíocht na hÉireann. Ní mór rochtain ar an gCartlann a chinntiú, agus an t-ábhar atá istigh inti a chaomhnú agus a choimeád, ionas go mbeidh sé ar fáil chun críocha oideachais go háirithe.

Bhunaigh TG4 an Chartlann Dhigiteach ag deireadh na bliana 2011 agus tá gach clár á chur istigh ann ó shin i leith. Bhí an t-ábhar ar fad a léiríodh idir an bhliain 1996, tráth ar bunaíodh TG4, agus deireadh na bliana 2011 i gcartlann fístéipeanna TG4 i gcónaí agus bhí gá leis an ábhar seo a dhigitiú, a chur isteach sa chóras agus a chatalógú (23,500 uair an chloig). Go dtí seo, cuireadh an obair seo i gcrích ar bhonn céimnithe trí thionscadail arna dtacú le scéim Maoinithe Cartlainne an BAI.

I mbliana, cheap TG4 Bainisteoir Cartlainne chun straitéis nua cartlainne a fhorbairt d'fhonn úsáid agus buntáistí Chartlann Dhigiteach TG4 a chur chun cinn, lena n-áirítear bealaí nua a aimsiú chun leas a bhaint as an gcartlann mar acmhainn staire agus cruthaitheachta; chun comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunú; agus chun an chartlann a fhorbairt tuilleadh.

Mar chuid den straitéis don chartlann a bheidh ann amach anseo, tá sé mar aidhm ag TG4 “Cartlann Rochtana Dúnta” don taighde oideachais a bhunú, i.e. cartlann a dtabharfar rochtain uirthi d’institiúidí nó do bhaill oideachais amháin, chun críocha oideachais agus taighde amháin. Is mar gheall ar cheadanna agus srianta rochtana cóipchirt ar ábhar TG4, go príomha, a bhfuil gá leis an srian seo. Bíonn sé níos éasca córas rochtana dúnta a chur ar fáil d’institiúidí oideachais agus taighde ar fud an domhain (faoi réir athbhreithniú agus imreiteach dlí).

Is ar phríomhardán agus láithreán gréasáin TG4 atá an Chartlann Dhigiteach i láthair na huaire. Tá ardán cartlainne tiomnaithe ag teastáil le cinntiú nach gcuirtear aon bhac nó aon mhoill ar an gCartlann Dhigiteach ag láithreán gréasáin agus Seinnteoir TG4. Leis an aistriú chuig Logáil Isteach Amháin agus intleacht shaorga ó thaobh bainistiú sonraí ar láithreán gréasáin agus Seinnteoir TG4, méadaítear an baol go dtarlóidh sé sin don Chartlann Dhigiteach agus mar sin, d’fhonn an rochtain a chuirtear ar fáil uirthi chun críocha oideachais agus taighde a fheabhsú, tá sé mar aidhm ag TG4 Cartlann Rochtana Dúnta ar leith a bhunú don chohórt úsáideoirí taighde agus oideachais.

Tosóidh TG4 ag cur na Cartlainne Rochtana Dúnta seo ar fáil sa bhliain 2023. Beidh taighde, costáil agus forbairt ardáin nua i gceist leis seo. Is cuid bhunúsach de chomh maith ábhar físe TG4 atá fágtha a dhigitiú. Tá 12,000 uair an chloig i bhformáidí BetaSP agus Digibeta fágtha, ar formáidí iad sin a bheidh as feidhm go luath, agus mar sin, tá baol láithreach ann go rachaidh an t-ábhar seo uile ó mhaith, nó go gcaillfear é.

Tá téipeanna BetaSP as feidhm anois, agus cé go stóráiltear na téipeanna seo i dtimpeallacht atá insocraithe de réir aeráide, tá saolré teoranta ag tionscal na craoltóireachta sula dtosóidh na téipeanna ag díghrádú agus sula ndéanfar damáiste do chaighdeán na híomhánna. Tá formáid Digibeta i mbaol dífheidhmeachta mar gheall go bhfuil trealamh déantúsaíochta, scileanna teicniúla agus tacaíocht don fhoráid á scálú anuas. Tá sé i gceist ag an BBC gan tuilleadh téipeanna den sórt sin a dhéanamh agus deireadh a chur leis an tacaíocht theicniúil agus an maoiniú a chuirtear ar fáil ina leith faoin mbliain 2025. Le linn na chéad dhá bhliain eile, beidh cuideachtaí an tionscail agus cuideachtaí teicniúla ag leanúint an tsampla seo agus ní bheidh siad ag cur seirbhísí tacaíochta ar fáil ar chostas réasúnta a thuilleadh ach ag cur seirbhísí ar fáil a mbeidh táillí arda i leith saineolaí téipeanna ag baint leo ina ionad sin. Tá gach seans nach mbeidh tacaíocht, páirteanna agus seirbhísí teicniúla ar fáil ar chor ar bith tar éis na bliana 2025.

I bhfianaise thábhacht shóisialta, staire, chultúir agus oideachais ábhar Gaeilge TG4, mar sin, tá géarghá leis an ábhar seo a dhigitiú sula dtéann sé as feidhm. Ní ar mhaithe le TG4 amháin é seo, ach ar mhaithe le taighdeoirí, oideoirí agus cruthaitheoirí ábhair araon é. Cuirfear acmhainn fhiúntach ar fáil leis an ábhar do lucht na hacadúlachta, do mhic léinn agus do thaighdeoirí. Bíonn am ag teastáil chun an próiseas digitithe a chur i gcrích agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach go n-éireoidh le TG4 digitiú an ábhair uile a dhéanamh sa dhá bhliain atá amach romhainn

Cuid 4

Riachtanas Cistíochta

Comhthéacs

Leagtar amach i bhFís TG4 tar éis Covid-19 2022-2025 an tábhacht atá le dóthain cistíochta do na meáin chumarsáide Gaeilge agus cuirtear trí cinn de phríomhghnéithe chun cinn :

1. Ba cheart, nuair atá an dá eagraíocht ina gcomhlachtaí meán cumarsáide seirbhíse poiblí náisiúnta, go mbeadh cóimheas i bhfeidhm ó thaobh cistíocht RTÉ le cistíocht TG4. Bheadh cothromaíocht pro rata i gceist le cistí poiblí a dháileadh ar an dá eagraíocht náisiúnta seirbhíse poiblí.
2. Tá gá le cothromaíocht níos fearr ó thaobh cistíochta i gcóras meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann. Ba cheart go gcuirfí an chistíocht phoiblí foriomlán do TG4, Fís Éireann agus ciste Fís & Fuaime arna rith ag an Údarás Craolacháin, comhlachtaí maoinithe ábhair seirbhíse poiblí, i gcoibhéis 1:1 leis an gcistíocht phoiblí do RTÉ (agus sin arís i gcoibhéis 40:40:20 TG4 le Fís Éireann agus le Fís agus Fuaime). Thiocfadh de thoradh air sin go gcuirfí iléagsúlacht agus iomadúlacht chun cinn in earnáil na meán cumarsáide seirbhíse poiblí in Éirinn, gur fearr an chothromaíocht a bheadh in éiceachoras closamhair na hÉireann agus sa leagan amach réigiúnach ais sin, chomh maith le haird a léiriú ar an tábhacht atá leis an nGaeilge. Ós é TG4 an príomhfhoinsé cistíochta ag earnáil an chlosamhairc sna réigiúin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin, thiocfadh ardú ar scála earnáil an chlosamhairc sna réigiúin de thoradh díreach ar ardú scála maidir le cistíocht TG4.
3. Ardú idir €9m agus €10m in aghaidh na bliana ar chistíocht phoiblí TG4, ardú foriomlán €37.8m faoin mbliain 2025. D'fhágfadh sin cistíocht bhliantúil TG4 ag €78.6m sa bhliain 2025.

Bheadh cistíocht phoiblí €78.6m ag TG4 cothrom le 40% d'ioncam RTÉ ón gceadúnas teilifíse sa bhliain 2020.

Is fearr an chomparáid a bheadh idir leibhéal den chineál sin maidir leis an gcistíocht phoiblí agus an leibhéal cistíochta ag craoltóirí seirbhíse poiblí teangacha dúchais eile. Mar a luaitear i gCuid 2, tugtar cistíocht phoiblí iomlán £110.5m in aghaidh na bliana do S4C, craoltóir seirbhíse poiblí na Breataine (cé nach bhfuil stádas bunreachtúil mar atá ag an nGaeilge i bhfeidhm i gcás na Breataine agus ainneoin daonra na Breataine Bige a bheith chomh híseal le 3.1m).

Tá TG4 buíoch as ucht ardú €4.2m ar an gcistíocht i leith na bliana 2022. Is mór againn an t-ardú cistíochta agus meastar gur léiriú atá ann ar an tábhacht a leagann an Rialtas ar an nGaeilge agus ar na Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí agus ar an ról bunriachtanach atá leo i saol na hÉireann.

Ainneoin an t-ardú seo, tá buntábhacht i gcónaí le hathrú ó bhonn ar scála cistíochta TG4 ionas go gcinntítear gur féidir leis an tseirbhís a gcuirtear de dhúshlán roimh na meáin chumarsáide Gaeilge sa ré dhigiteach a sháru agus tairbhe shuntasach a chruthú maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus leis an bpobal.

An Riachtanas Cistíochta 2023

Tá TG4 ag lorg, i leith na bliana 2023, ardú €8.287m ar an gcistíocht phoiblí (sa bhreis ar leibhéal cistíochta na bliana 2022).

Tugtar san áireamh leis an tsuim seo ar fhéach TG4 lena thabhairt i gcrích i rith bhlianta 2022 agus 2023 Fís 2022-2025 na heagraíochta tar éis Covid-19. D'éiligh TG4 cistíocht bhreise €10.1m i leith na bliana 2022 agus €9.3m i leith na bliana 2023. Cé gur mhór an fháilte a bhí roimh an €4.2m de chistíocht bhreise, ní féidir ach gnéithe áirithe den Fís tar éis Covid a thabhairt i gcrích sa bhliain 2022 leis an tsuim sin. Tá TG4 ag féachaint anois le fuilleach na mbearta tús áite infheistíochta a thabhairt i bhfeidhm a leagtar amach maidir leis an dá bhliain tosaigh den Fís don ré iarCovid-19 (2022 agus 2023).


De bharr an chaoi a fheidhmíonn TG4 mar Fhoilsitheoir Craoltóir, déanfar os cionn 65% den chistíocht bhreise a infheistiú in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus in earnáil na cruthaitheachta sa bhliain 2023 (ar athrú táillí maidir le hardán 2RN a chaithfear cuid mhór den fhuilleach, chomh maith le seirbhís dhigiteach nuachta, acmhainní oideachais agus gnóthaí margaíochta). Tugtar san áireamh leis an gcaiteachas le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha, caiteachas ar choimisiúin, athghuthú agus seirbhísí eile chomh maith le hinfheistíocht i mbearta oiliúna agus forbartha san earnáil. Bíonn béim ag TG4 ar infheistíocht sna réigiúin in Éirinn agus tarlóidh mórchuid mhór de na cistí breise a infheistiú in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin.

Tá TG4 ag féachaint chomh maith le hathchóthromú déimeagrafaíochta a thabhairt i gceist maidir leis na meáin chumarsáide Gaeilge agus sin i bhfabhar na ndaoine óga, ós iadsan a shocróidh a bhfuil i ndán do TG4 agus don Gaeilge mar ghnáthurlabhra ag an bpobal. Tá de chuspóir ag TG4 infheistíocht bhreise €3.96m a dhéanamh sa bhliain 2023 ar sheirbhísí do leanaí (lena n-áirítear cainéal Gaeilge faoi leith Cúla4 do leanaí a chur ar bun) agus infheistíocht bhreise €1.75m a dhéanamh in ábhar craolacháin agus neamhlíneach agus i seirbhísí do dhreamanna níos óige (15-34) sa lucht féachana. Tagann sin sa bhreis ar infheistíocht €4.55m TG4 sa bhliain 2022 ar ábhar agus ar sheirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga (gan costas foirne san áireamh).

Tá d'aidhm ag TG4 sa bhliain 2023 infheistíocht bhreise €1.6m a dhéanamh maidir le scannáin agus cláracha drámaíochta Gaeilge, €550,000 bhreise ar sheirbhísí oideachais (cuid mhór díobh sin freisin dírithe ar dhaoine óga) agus €810,000 breise ar sheirbhísí agus ar acmhainn feidhme a bhaineann le nuacht dhigiteach. Chomh maith le freastal níos fearr ar lucht féachana TG4, eascróidh tairbhe ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, tionscail agus pobail ón infheistíocht bhreise seo mar a leagtar amach i gCuid 5 den Aighneacht Réamhbhuiseid seo.

Tugtar achoimre ar na príomhréimsí maoinithe agus infheistíochta breise in 2023 thíos de réir togra, seánra, lucht féachana agus earnála.

Réimse Infheistíochta	Sonraí	Maoiniú Breise a Theastaíonn in 2023: € euro	
		Fo-iomlán	Iomlán
Cúla4 a bhunú mar chainéal tiomnaithe Gaeilge do leanaí.	Costas chainéal 2RN (SD) & Crua-earraí	€955,000	
	Seirbhís nuachta, pota ollsoláthair coimisiúnaithe, ábhar a fuarthas agus a ndearnadh guthú air, fotheidil etc.	€2,172,000	
	Ábhar	€250,000	
	Acmhainní (€0.28m) & Margaíocht (€0.25m)	€530,000	€3,907,000
Cainéal TG4+1 agus cainéal TG4 HD a bhunú ar Saorview.	Táille bhreise 2RN do TG4 HD ar Saorview.	€560,000	
	Táille bhreise 2RN do TG4+1 ar ilphléacs Saorview.	€0	
	Ábhar	€0	€560,000
Infheistíocht a dhéanamh i gcláracha agus ábhar neamhlíneach Gaeilge a bhfuil dánacht, brí agus beocht ag baint leo do dhaoine faoi bhun 35 bliana d’aois.	Dhá shraith nua don lucht féachana faoi bhun 35 bliana d’aois.	€540,000	
	Turas Ghradam Ceoil	€350,000	
	Ábhar BLOC	€400,000	€1,290,000
Méadú a chur ar an maoiniú atá againn do Léiriú Drámaíochta Gaeilge & d’Fhorbairt Daoine Cumasacha sa Tionscal.	Breis infheistíochta i Cine4	€200,000	
	Scéimeanna forbartha nua (Tús, Céim Eile, Mini-Docs, Scéim na gCláracha Faisnéise Leathuair an Chloig agus Scéim na bhFadscannán Faisnéise)	€360,000	
	Forbairt ar an Tionscal i réigiún an Iarthuaiscirt.	€500,000	€1,060,000
Seirbhísí & Cumas Nuachta Digiti TG4 a Bhunú.	Ardán Teicniúil Nuachta Digiti (Aip & Láithreán Gréasáin san áireamh)	€300,000	
	Acmhainní Nuachta Digiti	€410,000	
	Athbhrandáil	€100,000	€810,000
Portfóilió TG4 d’acmhainní oideachais bunaithe ar an gcuraclam a mhéadú.	Ábhar Craolta Breise	€0	
	Giotáí Ábhair d’Iarbhunskoileanna	€80,000	
	Giotáí Ábhair do Bhunskoileanna	€80,000	
	Tionscadal na bhFoghlaimoírí Teanga	€50,000	
	Imeachtaí Oideachais	€250,000	
	Suirbhé ar Bhunskoileanna	€50,000	
	Cartlann Rochtana Dúnta d’Ábhar Oideachais (Digitiú agus T&F don Ardán)	€150,000	€660,000
Móriomlán			€8,287,000



Cuid 5

Tairbhe ón Infheistíocht

Réamheolas

Tuigtear gur tábhachtach an rud an tairbhe a dhéanann TG4 do shaol na hÉireann agus maidir le cúrsaí eacnamaíochta a léiriú. Is tábhachtach ar an gcuma chéanna an tairbhe a léiriú a thabharfaidh TG4 i gcrích mar gheall ar an gcistíocht bhreise atáthar a lorg i leith na bliana 2023.


Chomh maith lena mbeidh de bhuntáiste ag lucht féachana TG4, déanfaidh cistíocht agus infheistíocht bhreise tairbhe chomh maith maidir le cúrsaí eacnamaíochta, le cúrsaí fostaíochta agus leis an bhforbairt réigiúnach, go háirithe ar earnáil na cruthaitheachta i réigiúin na hÉireann. Eascróidh sin ón infheistíocht a dhéanann TG4 in ábhar coimisiúnaithe agus i seirbhísí, i Maoin Intleachta (IP) a chruthú agus i gcúrsaí oiliúna agus forbartha etc., nithe a chuidíonn chomh maith le cloiginí comhlachtaí léiriúcháin agus cruthaitheachta a chruthú agus borradh a chur faoi eacnamaíocht na cruthaíochta sna réigiúin go ginearálta.

Is iomaí buntáiste sóisialta agus cultúir eile a thiocfaidh dá thoradh chomh maith: an tionchar ar chúrsaí foghlama trí acmhainní oideachais a chur ar fáil do na scoileanna agus don fhoghlaimeoir ag baile; an tairbhe phobail / phoiblí a ghabhann le foinse iontaofa nuachta a bheith ar fáil agus teacht ar ábhar nach móide a bheith ar fáil dá uireasa; an bonn treise a chuirtear faoi mhuintir na Gaeilge i gceantair éagsúla; agus, an ról faoi leith atá le TG4 maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn ó ghlúin go glúin, gan beagán a lua.

Leagtar amach go hachomair i Léaráid 5.1 ocht gcinn de phríomhréimsí buntáiste atá le hinfeistíocht bhreise in TG4 a ndéantar plé orthu sa chuid seo den aighneacht. Tá anailís iolraitheoireachta déanta ag TG4 (fónamh don táirgiúocht náisiúnta agus tionchar maidir le coibhéis postanna lánaimseartha) d'fhonn an toradh eacnamaíochta a thomhas agus an tionchar maidir le postanna in earnáil an léiriúcháin agus maidir le forbairt na hearnála a mheas, chomh maith le réimsí eile tairbhe de chineálacha cáilíochtúla.

Is ceart a thabhairt chun aire nach ionann scóip don anailís tairbhe agus anailís lánchuimsitheach costais agus tairbhe ar TG4 ó tharla gur deacair na táirgí agus an fiúntas a chruthaítear a lua go cainníochtúil agus a mheas go cruinn ná go foriomlán.

Léaráid 5.1: Achoimre maidir leis an Tairbhe ón Infheistíocht





Forás a Spreagadh ar Earnáil an Léiriúcháin

Is léir ó bheart taighde¹ de chuid Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) gur fada ról lárnach ag na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí in earnáil na cruthaitheachta san Eoraip, le cistí in úsáid maidir le hábhar a chruthú agus bonn a chur faoi thionscail cruthaitheachta. Bíonn eagraíochtaí meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hEorpa ina gcionsiocair maidir le cruthú ábhair le €19.5 billiún in aghaidh na bliana ar an meán á chaitheamh ar fud limistéar an EBU. Nuair is ar bhunábhar nua a chaitear 84% de sin, tá na heagraíochtaí sin le háireamh ar na hinfheisteoirí is tábhachtaí i mbunábhar cruthaitheachta de chuid na hEorpa. Sa bhliain 2019, eagraíochtaí meán cumarsáide seirbhíse poiblí ba chionsiocair le 40.2% den bhunábhar nua closamhairc san AE i gcomórtas le 1.7% arna sholáthar ag comhlachtaí SVOD². Is léiriú sin ar an dúthracht a chaitheann na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí le bunábhar nua a léiriú agus an tábhacht atá leo maidir leis an gcruthaitheacht a spreagadh i gcultúr na hEorpa.

Cuireann TG4, a fheidhmíonn mar Fhoilsitheoir Craoltóir, bonn treise faoi fhorás ar thionscail na cruthaitheachta in Éirinn. Táthar tugtha don fhorbairt réigiúnach agus dirítear ar ábhar agus ar sheirbhísí a sholáthar ó chomhlachtaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge, cuid mhór acu suite i gceantar Gaeltachta agus sna réigiúin. TG4 an príomhfhoinsé cistíochta ag earnáil an chlosamhairc sna réigiúin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin. Cuidíodh le hearnáil inbhuanaithe de chomhlachtaí dúchais léiriúcháin closamhairc a chur ar bun sna réigiúin. Is suntasach an borradh a chuir TG4 faoi eacnamaíocht na cruthaitheachta a fhorbairt sna réigiúin in Éirinn.

Le deich mbliana anuas, tá isteach is amach le €250m caite ag TG4 ar sheirbhísí cruthaitheachta in Éirinn. Rinneadh beagnach €230m de sin a infheistiú in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, an mhórchuid le comhlachtaí léiriúcháin sna réigiúin. Bliain i ndiaidh bliana, caitear os cionn 90% de bhuiséad na gláracha le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha.

Coinníonn TG4 bonn faoi isteach is amach le coibhéis 500 post lánaimseartha i léiriúchán closamhairc sa Ghaeltacht agus sna réigiúin, fostaíocht TG4 féin san áireamh³. Is suntasach an bhuntáiste eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir a eascraíonn as sin do phobal na gceantar sin.

Mar ghné amháin den obair taighde⁴ a rinneadh sa bhliain 2019 chun tionchar TG4 ar earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn a mheas, eagraíodh comhairliúcháin le geallsealbhóirí éagsúla. Airítear orthu sin seacht gcinn de chomhlachtaí léiriúcháin, Údarás na Gaeltachta, an tÚdarás Craolacháin agus Ciste Craoltóireachta na Gaeilge. D'admhaigh na geallsealbhóirí go léir an tábhacht atá le TG4 maidir le hearnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha a fhorbairt, go háirithe sa Ghaeltacht agus sna réigiúin, mar is léir ó na sleachta gearra a chuirtear i láthair i gCuid 2 den aighneacht seo.

¹ Na Meáin Chumarsáide Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú (Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU), Nollaig 2020)

² Fiseán ar a Éileamh ar bhonn Síntiúis.


³ Bunaithe ar mheastacháin de chuid Údarás na Gaeltachta agus TG4.

⁴ Togra maidir le Breis Cistíochta d'fhonn Infheistíocht a Dhéanamh in Earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha, R3 2019.

Ag feidhmiú do TG4 ina Fhoilsitheoir Craoltóir, oibrítear go forbheartach le cuid mhór comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Tá 16 conradh ceithre bliana maidir le hollsoláthar cláracha againn faoi láthair faoina gcuirtear ábhar ardchaighdeán ar fáil do thráthanna príomhthábhachta sa sceideal ag TG4. Oibrítear freisin le comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha in Éirinn ar thograí faoi leith. Tá de chuspóir ag TG4 cur leis na conarthaí ollsoláthair ceithre bliana ó tharla go n-eascraíonn buntáistí tábhachtacha uathu, ar a n-áirítear: cláracha coimisiúnaithe ar chaighdeán níos airde; bonn treise faoi earnáil na léiritheoirí neamhspleácha ionas ndéantar fónamh maidir le forás tréan tráchtála; agus, cruthú fostaíochta. Leagtar amach i Léaráid 5.2 na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha de chuid na hÉireann a oibríonn le TG4. Maidir leis an sciar de chaiteachas TG4 le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha i rith na bliana 2021, bhain 42% le Cúige Chonnacht, 30% le Cúige Mumhan, 24% le Cúige Laighean agus 4% le Cúige Uladh agus Tuaisceart Éireann. Tá an bhéim atá ag TG4 ar na réigiúin le sonrú go soiléir air sin.

Admhaítear go gcuireann TG4 borradh faoi earnáil na gcomhlachtaí closamhairc a fhorbairt sna réigiúin leis an gcaiteachas a dhéantar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Tá toradh fóna ar infheistíocht TG4 san earnáil sin ó thaobh forás ar ghnólachtaí; forbairt ar scileanna agus ar chumas; Maoin Intleachta de chuid na hÉireann; eagar caipitil in earnáil na gcomhlachtaí léiriúcháin; cloiginí agus comhlonnaíocht comhlachtaí i dtionscal na cruthaitheachta; fostaíocht do dhaoine oile i bpostanna teicneolaíochta agus cruthaitheachta sa Ghaeltacht agus sna réigiúin; agus, daoine cumasacha a choinneáil i gceantair de na cineálacha sin.

Léaráid 5.2: Comhlachtaí Léiriúcháin Neamhspleácha a Oibríonn le TG4



Ós é TG4 an phríomhfhoinsé cistíochta ag earnáil na gcomhlachtaí cíosamhairc i réigiúin na hÉireann, thíocfadh de thoradh díreach ar mhaoiniú breise do TG4 sa bhliain 2023 go dtarlódh caiteachas breise beagnach €5.4m le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, rud a tharraingeodh €2.1m (measta) breise arís eile isteach san earnáil ó fhoinsí cistíochta léiriúcháin agus oiliúna eile (mar shampla, maoiniú ó pháirtneirí comhléiriúcháin, creidmheas cánach faoi Alt 481, maoiniú ón Údarás Craolacháin, ó Chiste Craoltóireachta na Gaeilge, ó Údarás na Gaeltachta etc.).

Tiocfaidh sochar suntasach de thoradh ar an infheistíocht bhreise in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Go sonrach, tarlóidh tionchar chun sochair ar earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn mar gheall ar chainéal beartaithe Cúla4 do leanaí. Faoi láthair, tá trí cinn de phríomhsholáthraithe ag TG4 maidir le hábhar coimisiúnaithe Gaeilge do leanaí (Fibín, Macalla agus Abú Media). Déanann TG4 freisin tograí léiriúcháin faoi leith a choimisiúnú ó chomhlachtaí de leithéid Paper Owl agus Cartoon Saloon, maidir le hábhar anamúlachta, agus Danú Media agus Telegael, maidir le drámaíocht do leanaí.

Ainneoin teorainn le hacmhainní go dtí seo, tá cruthaithe gur féidir le cabhair forbartha ó TG4 bonn a chur faoi fhorás agus faoi fhorbairt ar chomhlachtaí. Mar shampla, is le cúnamh ó TG4 a rinneadh an chéad togra anamúlachta de chuid Cartoon Saloon, Skunk Fu, a fhorbairt agus tugadh cúnamh freisin maidir leis an scannán Amhrán na Mara / Song of the Sea a ainmníodh le haghaidh gradam Oscar; léirigh Paper Owl saothar anamúlachta, Sol, ar bronnadh gradaim air; agus, chruthaigh Telegael gnó léiriúcháin idirnáisiúnta ar scála suntasach maidir le hábhar do leanaí a léiriú, bunaithe ar chabhair cistíochta ó TG4 tráth a thionscnamh. Chuidigh TG4 le Telegael freisin maidir le tograí comhléiriúcháin idirnáisiúnta trína cuireadh bonn faoi chruthú na dtograí sin agus faoin scannánaíocht orthu a dhéanamh in Iarthar na hÉireann (mar shampla, i gcomhar le Disney (Groove High) agus i gcomhar le Calon/S4C (Igarn Ogam)).

Is é is mian le TG4 go dtabharfadh ábhar breise do leanaí agus ábhar oideachais a chruthú an deis do chomhlachtaí léiriúcháin atá dírithe ar ábhar do leanaí leathnú agus dul i dtreis. D'fhágfadh sin fostaíocht leanúnach ar fáil ag meithle léiriúcháin atá tugtha d'ábhar do leanaí agus do dhaoine óga agus a bhfuil saineolas faoi leith acu ag plé leis. Le hardú ar an infheistíocht san ábhar do leanaí le cúig bhliana anuas, is léir go TG4 go bhfuil breis suime á chur ar fud na tíre anois in ábhar den chineál sin a léiriú. Mar shampla, tá an comhlacht LIGID (Dún na nGall) agus an comhlacht Ronin Films (Béal Feirste) i mbun léiriúcháin do TG4 faoi láthair ar shraith do leanaí. Tá comhlachtaí léiriúcháin i gCúige Chonnacht, i gCúige Uladh agus i gCúige Laighean ag obair ar ábhar do leanaí agus tá d'aithne ag TG4 anois comhlacht as Cúige Mumhan a spreagadh i mbun an chúraim. Is é atá d'aithne ag TG4 go mbeadh an infheistíocht bhreise a dhéanfaí i dtograí drámaíochta agus anamúlachta do leanaí ina spreagadh ionas go ndéanadh comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha de chuid na hÉireann bunábhar nua a fhorbairt i gcomhar páirtneireachta le comhlachtaí comhléiriúcháin idirnáisiúnta agus dul i dtír ar mhargaí idirnáisiúnta

Chomh maith le hábhar nua-choimisiúnaithe, baineann deiseanna freisin le tograí ceannacháin agus athghuthaithe. Déanann TG4 sraitheanna siamsaíochta agus oideachais ar ardchaighdeán a bhfuil clú agus cáil go hidirnáisiúnta orthu a cheannach gach bliain le leagan athghuthaithe Gaeilge a chur ar fáil. Déanann an obair sin fónamh d'earnáil an léiriúcháin agus cruthaítear deiseanna fostaíochta d'aisteoirí agus do mheithle léiriúcháin ar fud na hÉireann. Faoi láthair, tá cúig cinn de chomhlachtaí a chuireann seirbhísí athghuthaithe ar fáil do TG4, ceithre cinn i nGaeltacht na Gaillimhe agus ceann amháin i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail TG4 freisin chun na comhlachtaí léiriúcháin sin a chur i mbun oibre le stiúideonna móra idirnáisiúnta. Mar shampla, cheangail TG4 Macalla le Paramount Pictures i mbun leagan Gaeilge d'fhadscannán Spongebob Squarepants a chruthú.

D'fhágadh cainéal faoi leith Cúla4 a chur ar bun go mbeadh méadú níos mó ná faoi dhó ar líon na n-uaireanta a chloig d'ábhar do leanaí a chuireann TG4 ar fáil, agus gá dá réir le hinfeistíocht bhreise ó TG4 maidir le hábhar ar coimisiún ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, chomh maith le hathghuthú agus seirbhísí eile. Déanfar gach infheistíocht maidir le hábhar breise do chainéal Cúla4, Nuacht Cúla4 a léiriú san áireamh, a choimisiúnú ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus beidh tairbhe as maidir le forás ar an earnáil agus le forbairt scileanna.

Má bhunaíonn TG4 cainéal Cúla4, bheadh postanna nua san earnáil léiriúcháin neamhspleách mar thoradh air, postanna don dhaoine oilte i mbun obair theicniúil agus cruthaitheachta maidir le hábhar a léiriú do leanaí agus do dhaoine óga¹. Thabharfadh sin deis cumas dhaoine a thabhairt chun cinn ar fud na hearnála ar fad ach go háirithe san earnáil maidir le hábhar do leanaí agus do dhaoine óga a léiriú, réimse a mbaineadh easnamh scile leis san am a caitheadh. Ní amháin go gcuirfidh an infheistíocht le líon na bpostanna agus leis na scileanna, cuirfear chomh maith leis an infreastruchtúr agus leis an acmhainn ábhar drámaíochta, siamsaíochta agus oideachais a léiriú do leanaí sna réigiúin in Éirinn.

Chomh maith leis an tionchar chun sochair a bheadh ag an cainéal beartaithe Cúla4 do leanaí ar earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn, meastar go dtiocfadh postanna nua in earnáil cíosamhairc na hÉireann de thoradh ar infheistíocht bhreise TG4 i scannáin agus i gcláracha drámaíochta Gaeilge, in ábhar do dhaoine faoi 35 agus in acmhainní oideachais etc. Maidir leis an mbliain 2023 amháin, meastar go dtiocfaidh 120 post nua sa bhreis in earnáil cíosamhairc na hÉireann de thoradh ar infheistíocht bhreise TG4 in ábhar agus i seirbhísí, sna réigiúin² den chuid is mó.



- tá c.500 post (CLA) maidir le léiriú cíosamhairc á gcothú go díreach sa Ghaeltacht agus sna réigiúin ag TG4
- 130 post (CLA) nua sa bhreis san earnáil, sna réigiúin den chuid is mó, sa bhliain 2023 féin.

¹ Togra chun Cúla4 a bhunú ina Chainéal Leanaí Gaeilge ar leith agus Cainéal TG4+1 a chur ar fáil ar Saorview, TG4, Bealtaine 2022.

² Meastachán TG4.



2. Forbraíonn Daoine Cumasacha sa Tionscal

Is infheisteoir tábhachtach é TG4 in oiliúint agus i bhforbairt san earnáil léiriúcháin chun daoine cumasacha agus na scileanna atá acu a fhorbairt. Thar na mbliana, i gcomhar le BAI, le hÚdarás na Gaeltachta agus le Gréasán na Meán, Skillnet, tá TG4 tar éis scéimeanna éagula a reáchtáil, ina measc scéimeanna forbartha do ghearrscannáin (Síol, Údar, Scéal 1 agus Scéal 2) inár cuireadh oiliúint agus tacaíocht ar fáil do scríbhneoirí agus stiúrthóirí cumasacha Gaeilge agus do dhaoine cumasacha eile sa réimse léirithe atá ag teacht chun cinn, rud an earnáil tairbhe mhór amach dá bharr.

I measc na scéimeanna reatha chun tacú le forbairt bhreise/leanúnach tallainne an tionscail tá:

- In 2017, sheol TG4 Cine4 i gcomhar le BAI agus le Fís Éireann, chun tacú le gnéscannáin Ghaeilge a fhorbairt agus a léiriú.
- In 2018, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, seoladh Scéim nua Forbartha Oiliúna Meán Cumarsáide chun tacú le forbairt scileanna agus taithí oibre comhlachtaí léiriúcháin. Mar chuid den scéim seo, mhaoinigh TG4 clár meantóireachta in 2021 chun tacú le comhlachtaí léiriúcháin atá bunaithe sa Ghaeltacht chun comhléiriúcháin a fhorbairt agus chun a ghnó a fhás i margaí idirnáisiúnta.
- Bhunaíomar Glúin Nua in 2020, ar scéim í chun tacú le tionscadail Ghaeilge Stiúrthóirí agus Scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn.
- Bhunaíomar Scéim Forbartha Oiliúna i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Leis an scéim seo tugtar socrúcháin bliana d'oiliúnaithe tionscail i gcomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha. Tacaíonn Údarás na Gaeltachta leis an scéim seo agus oiliúint chreidiúnaithe á cur ar fáil ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Mhaigh Eo (GMIT).
- In 2022, sheolamar babhtáí nua coimisiúnaithe a raibh cuspóirí soiléire acu maidir le hathoiliúint agus le daoine cumasacha a fhorbairt, chun leanúint de scileanna scríbhneoireachta, stiúrthoireachta agus léirithe in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha a fhorbairt.
- Tá TG4 ag déanamh infheistíocht i scéimeanna nua scannáin, drámaíochta agus gearrscannáin faisnéise i gcomhar le Fís Éireann agus le hÚdarás na Gaeltachta, chun líon na ndaoine cumasacha a bhfuil Gaeilge acu a fhás agus chun tacú le hábhar Gaeilge a chur ar fáil go hidirnáisiúnta.
- Ón bhliain 2019, táimid ag cur socrúcháin oibre bliana ar fáil in TG4 d'oiliúnaithe agus do phrintísigh nua. E.g. i réimse ábhar a chruthú, na meáin shóisialta agus forbairt gréasáin etc

Go dtí seo ó bhí 2017 ann, tá oiliúint nó cineálacha eile forbartha agus tacaíochta faighte ag thart ar 120 duine trí na scéimeanna cómhaoinithe seo. Is rithábachtach na scéimeanna a chuireamar ar fáil chun scríbhneoirí agus stiúrthóirí cumasacha a bhfuil Gaeilge acu agus daoine cumasacha a bhfuil Gaeilge acu a mhéadú agus tá aitheantas tugtha de luachanna na scéimeanna agus don tionchar atá acu ar fud an tionscail.

In 2023, chomh maith le hinfeistíocht in ábhar coimisiúnaithe nua a thacaíonn le forbairt tallainne ar fud na hearnála, leanfaidh TG4 ag infheistiú i scéimeanna forbartha agus tacaíochtaí eile ag baint úsáide as an maoiniú breise. Measann TG4 gur féidir tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bhreise 50-70 duine trí scéimeanna forbartha coimisiúnaithe TG4 (m.sh. Cine4, Tús, Céim Eile, Mini-docs etc.) chomh maith le scéimeanna oiliúna ar nós na *Scéime Forbartha Oiliúna* agus intéirneachtaí TG4 srl., atá maoinithe go léir i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

Beidh dea-thionchar aige sin ar dhaoine áitiúla ildánacha cumasacha agus ar dhaoine cumasacha teicniúla a theacht chun cinn agus a fhorbairt sna hearnálacha closamhairc agus cruthaitheachta, go háirithe sna réigiúin. Beidh tionchar ag tograí TG4 ar iriseoirí cumasacha réigiúnacha. Trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhís nua nuachta Gaeilge do pháistí (a chraolfar agus a chuirtear ar fáil ar líne), agus i seirbhís nua Dhigiteach TG4, beidh TG4 ag déanamh infheistíocht in iriseoirí agus eagarthóirí réigiúnacha cumasacha, go háirithe iriseoirí nua cumasacha óga a bhfuil Gaeilge acu agus tuairisceoirí pobail a bhfuil Gaeilge acu, agus dá bhrí sin beifear ag forbairt acmhainn nuachta na Gaeltachta agus na réigiún Gaeilge ar fud na tíre.

Líon Measta Tallainn a Thacaítear Trí Scéimeanna Forbartha Earnála / Printíseachtaí





3. Tionchar ar Phostanna Réigiúnacha

Mar gheall ar an gcaiteachas a dhéantar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn agus na seirbhísí eile a cheannaítear ó earnáil na cruthaitheachta agus ó earnálacha eile in Éirinn, bíonn tionchar chun sochair ag TG4 ó thaobh fostaíochta agus ó thaobh táirgeacht náisiúnta agus réigiúnach ar chúrsaí eacnamaíochta in Éirinn go ginearálta. Is féidir oiread an tionchair sin a mheas le hanailís iolraitheoireachta agus tá táirgeacht (fónamh don táirgeacht náisiúnta) agus fostaíocht (tionchar maidir le coibhéis postanna lánaimseartha) ar na hiolraitheoirí is minice a chur i bhfeidhm. Déantar an dea-thoradh a thomhas ar thrí leibhéal:

1. Dea-thoradh díreach - fostaíocht agus táirgeacht arna chruthú ag TG4 go díreach.
2. Dea-thoradh indíreach - fostaíocht agus táirgeacht arna chothú ag slabhra soláthair TG4 (e.g., comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha, soláthraithe eile).
3. Dea-thoradh spreagtha - fostaíocht agus táirgeacht arna chothú acu siúd atá fostaithe go díreach nó go hindíreach ag TG4 agus ag soláthraithe TG4 trína gcuid ioncain a chaitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí in eacnamaíocht na hÉireann go ginearálta.

De réir mheastacháin TG4, rinne caiteachas TG4 i rith na bliana 2021 fónamh isteach is amach le €71m maidir leis an táirgeacht náisiúnta agus cuireadh bonn faoi isteach is amach le coibhéis 901 post lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha)¹. As an méid sin, rinne caiteachas TG4 sna réigiúin fónamh isteach is amach le €62m maidir leis an táirgeacht réigiúnach agus cuireadh bonn faoi isteach is amach le coibhéis 800 post lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha)¹. Is léiriú sin ar leibhéal an chaiteachais a dhéanann TG4 ar ábhar cláir as Éirinn agus ar sheirbhísí sa tír seo seachas ar ábhar a cheannaítear isteach agus ar sheirbhísí de na margaí idirnáisiúnta.

Ag braith ar an ngnóthachtáil eacnamaíochta agus ar ghnéithe iolraitheoireachta maidir le tíortha faoi leith, is léir ó anailís de chuid an EBU go gcruthaítear idir €2.5 agus €3 i gcúrsaí eacnamaíochta na tíre as gach euro a infheistítear i gcistíocht do na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí. Bíonn fiúntas ar a laghad €2 agus suas le €3 ag eacnamaíocht na hÉireann as gach €1 a infheistíonn TG4 i dtionscail na cruthaitheachta in Éirinn.

Sa chás go gcuireann TG4 leis an gcaiteachas ar lón ábhair agus ar sheirbhísí ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha sa bhliain 2023, chomh maith leis an gcaiteachas breise ar sheirbhísí cruthaitheachta agus eile in Éirinn, tiocfaidh ardú ar an bhfónamh a dhéanann TG4 maidir le fostaíocht go náisiúnta agus go réigiúnach. Meastar go dtiocfaidh coibhéis 1,154 post lánaimseartha (díreach, indíreach agus spreagtha) de thoradh ar chaiteachas TG4 in eacnamaíocht na hÉireann i rith na bliana 2023, ar an gcistíocht bhreise a áireamh, agus gur postanna réigiúnacha a bheadh i gceist le 1,039 acu sin. Tá beagnach 30% d'ardú i gceist leis sin maidir leis an tionchar ar phostanna sna réigiúin i gcomórtas leis an mbliain 2021. Tugtar chun aire go bhfuil caiteachas breise TG4 sa bhliain 2022 san áireamh leis an ardú seo chomh maith.



4. Tionchar Eacnamaíochta Réigiúnaí

Arna bhunú ar an anailís iolraitheoireachta céanna, meastar go gcuirfí leis an bhfónamh ó TG4 maidir leis an táirgeacht náisiúnta agus réigiúnach má dhéanann TG4 €8.287m breise a infheistiú in ábhar agus i seirbhísí ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha sa bhliain 2023, anuas ar chaiteachas níos mó ar sheirbhísí cruthaitheachta agus ar sheirbhísí eile in Éirinn.

Thiocfadh ardú go dtí €93m sa bhliain 2023 maidir le fónamh TG4 don táirgeacht náisiúnta (díreach, indíreach agus spreagtha). Fónamh don táirgeacht réigiúnach a bheadh i gceist le €82m de sin. Is ionann sin agus ardú 32% maidir leis an bhfónamh don táirgeacht réigiúnach i gcomórtas leis an mbliain 2021.

Is ceart a thabhairt chun aire gur tobléiriú bliantúil atá i gceist le hanailís iolraitheoireachta agus nach dtugtar san áireamh aon toradh carnach maidir le blianta as a chéile de bhreis infheistíochta. Ní thugtar san áireamh ach oiread aon toradh imspreagtha sa bhreis, mar shampla forbairt scileanna, dea-thoradh sóisialta, tairbhe cultúir etc. a luaitear níos faide amach sa chuid seo den aighneacht.

Tionchar Measta Eacnamaíochta		2021	2023
Náisiúnta	Ranníocaíocht leis an Aschur Náisiúnta	€71m	€93m
	Tionchar ar Phostanna (CLA)	901	1,154
Tionchar Réigiúnach	Rannaíocht leis an Aschur Réigiúnach	€62m	€82m
	Tionchar ar Phostanna (CLA)	800	1,039

Ó tharla gur ar an nGaeltacht agus ar cheantair sna réigiúin is mó a thiocfaidh an infheistíocht atá beartaithe ag TG4 i bhfeidhm, tá buntáiste shuntasach i gceist maidir leis na réigiúin in Éirinn.

Chomh maith leis na postanna lánaimseartha agus páirtaimseartha, eascraíonn sochar slabhra soláthair ó choimisiúin TG4 ag comhlachtaí léiriúcháin sna réigiúin. Is léir ó anailís de chuid TG4², go gcaitear idir 90% agus 100% de na

¹ Bunaithe ar anailís iolraitheoireachta ar chaiteachas agus infheistíocht TG4

² Tionchar Infheistíochta Breise in earnáil léiritheoirí neamhspleácha na hÉireann (2019).

buiséid léiriúcháin go díreach sa cheantar áitiúil agus tá de pholasaí ag cuid mhór comhlachtaí léiriúcháin sna réigiúin earcaíocht agus ceannach a dhéanamh ina gceantar féin ar dtús agus i gceantair eile in aice láimhe ina dhiaidh sin. Áirítear leis an gceannachán, soláthairtí maidir le seiteanna a dhéanamh agus péinteáil, lónadóireacht agus lóistín, tacsaithe agus seirbhísí eile iompair, soláthairtí éadaigh do chultacha, seirbhísí glantacháin maidir le stiúideonna etc., soláthairtí leictreachais agus leictreoirí, feithiclí, obair deisiúcháin agus cothabhála, agus cuid mhór réimsí eile, an t-iomlán á cheannach go háitiúil más féidir sin ar chor ar bith. Anuas air sin, bíonn daoine den fhoireann léiriúcháin nach san áit atá cónaí orthu, ag fanacht in árais ar cíós nó i lóistín de chineál eile agus bíonn leas as sin ag earnáil na háitritheoireachta agus na hóstaíochta sa cheantar, go háirithe i rith lagshéasúr earnáil na turasóireachta.

Déantar infheistíocht shuntasach freisin in eagar caipitil le comhlachtaí léiriúcháin ag infheistiú in áiseanna léiriúcháin, stiúideonna, trealamh teicniúil agus gnéithe eile infreastruchtúir. Mar shampla, tá infheistíocht mhór déanta ag comhlachtaí léiriúcháin de leithéid Danú Media, Fíbin Media agus Telegael i nGaillimh agus ag Nemeton TV i nGaeltacht na Rinne i bPort Láirge i ngnéithe infreastruchtúir don obair léiriúcháin, lena n-áirítear stáitsí fuaime, stiúideonna agus áiseanna léiriúcháin, árais oifige agus trealamh teicniúil etc.

Cuireann scála na hinfheistíochta in áiseanna ardchaighdeán agus i ngnéithe teicniúla infreastruchtúir le hiomhá na gceantar ionas gurb í an dul chun cinn agus an chruthaitheacht a cheaptar leo mar ionad oibre. Tarraingíonn a leithéid daoine ábalta agus gnólachtaí soláthair go dtí na réigiúin agus déantar fónamh d'fhorbairt agus d'athbheochan na gceantar. Bíonn dea-thoradh ó scála na hinfheistíochta ar ghnólachtaí soláthair agus seirbhíse maidir le gnóthaí eacnamaíochta an cheantair.

Go hachomair, tarlóidh sreabhadh díreach in eacnamaíocht na cruthaitheachta sna réigiúin go díreach ó infheistíocht bhreise in TG4 agus tarlóidh:

- Leathnú ar fhostaíocht do dhaoine oilte i bpostanna teicniúla agus cruthaitheachta sa Ghaeltacht agus sna réigiúin agus maitheas maidir le daoine cumasacha a choinneáil sna ceantair sin.
- Infheistíocht bhreise a spreagadh maidir le heagar caipitil in earnáil an léiriúcháin, e.g., stiúideonna, áiseanna léiriúcháin agus iarléiriúcháin etc.
- Ardú ar an gcaitechas le seirbhísí áitiúla soláthair, mar shampla seirbhísí léiriúcháin, lóistín, iompar, lónadóireacht etc.
- Fónamh do chainteoirí óga Gaeilge a choinneáil i gceantair sna réigiúin.
- Deis bonn a chur faoi ghnóthaí turasóireachta ceangailte le cúrsaí scannánaíochta / léiriúcháin a thabhairt chun cinn sa Ghaeltacht agus i gceantair eile sna réigiúin as.

Cuideoidh sin le bonn daingean a chur faoi nuálaíocht dhigiteach agus teicneolaíochta go ginearálta. D'fhéadfadh borradh faoi eacnamaíochta na cruthaitheachta agus an chultúir i réigiúin na hÉireann claohlú a chur ar íomhá na réigiún agus beocht agus brí a chur faoi chúrsaí turasóireachta, ealaíne, cultúir, spóirt agus Gaeilge chomh maith le maitheas a dhéanamh do thionscail na cruthaitheachta le cloiginí agus comhlonnú comhlachtaí. Bíonn cúrsaí cultúir a bheith faoi bhláth ina mhealladh mór ó thaobh chaighdeán an tsaoil ag tionscail in earnálacha eile infheistíocht a dhéanamh sna réigiúin agus breis nuálaíochta arís a chothú dá réir sin.




5. Tacaíonn le Straitéisí Cultúir agus Gaeilge an Rialtais

Tá fónamh as tograí beartaithe TG4 freisin maidir le polasaithe / straitéisí náisiúnta, eacnamaíochta, closamhairc agus Gaeilge eile de chuid an Rialtais, eadhon:

1. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
2. Éire Dhomhanda - Lorg Domhanda na hÉireann go dtí an bhliain 2025.
3. An Plean Gníomhaíochta Closamhairc de chuid Éire Ildánach.
4. Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile.
5. An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2021 - 2030.

Leagtar amach go hachomair i Léaráid 5.3 fónamh TG4 do pholasaithe / straitéisí eile de chuid an Rialtais a thabhairt i gcrích agus déantar plé breise thall.

Léaráid 5.3: Achoimre ar an Tairbhe maidir le Polasaithe / Straitéisí eile de chuid an Rialtais a thabhairt i bhfeidhm



Forléargas

Tairbhe TG4

An Straitéis
20 Bliain
don
Ghaeilge
(2010-2030)



- Tá d'aidhm leis an straitéis líon na gcainteoirí Gaeilge gach lá a ardú go dtí 250,000 faoin mbliain 2030. Sa daonáireamh deireanach¹, 74k a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais agus 555.7k duine laistigh den chóras oideachais¹.
- Tá gnéithe níos domhanda agus níos ilchultúrtha ag rith le pobal na hÉireann. Tá an Ghaeilge faoi bhrú go mór maidir lena cur ó ghlúin go glúin sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre.
- Tá an Rialtas tugtha do chur le húsáid na Gaeilge ar fud na tíre agus féachtar le dhátheangachas feidhmiúil a bhaint amach. Cuirtear chuige sin trí chreatchóras agus deiseanna a chruthú ionas go gcuirtear an Ghaeilge ar aghaidh go nádúrtha sa teaghlach agus i measc an phobail. Tuigtear an tábhacht atá ina leith seo leis na meáin chumarsáide agus le gnéithe teicneolaíochta agus seastar sa straitéis le *"seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil i nGaeilge"*.

Éire
Dhomhanda -
Lorg
Domhanda na
hÉireann go
dtí an bhliain
2025



- Tá de chuspóir leis an straitéis cur le teacht i láthair, dea-chlú agus dul i bhfeidhm na hÉireann go hidirnáisiúnta. Gné bhuntábhachtach is ea ealaín, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn i measc glúnta nua agus dreamanna nua ar fud an domhain. Féachtar freisin le hÉirinn a chur chun tosaigh mar cheann scribe ag turasóirí.

An Plean
Gníomhaíoch
ta
Closamhairc
(Éire
Ildánach -
Colún 4)



- Tionscnamh cúig bhliana de chuid an Rialtais trína gcuirtear an chruthaitheacht i gceartlár an bheartais phoiblí. Díreann leis an bPlean Gníomhaíochta Closamhairc ar Éirinn a bheith ina mhol léiriúcháin domhanda maidir le scannánaíocht, drámaíocht teilifíse agus anamúlacht. Féachtar faoin bplean le dubailt fostaíochta a thabhairt chun cinn in earnáil na scannánaíochta, na teilifíse agus na hanamúlatacht go mbíonn coibhéis breis agus 24,000 post lánaimseartha (CLA) i gceist agus go mbaintear oll-bhreislúach suas le €1.4bn amach.
- Sonraítear gur cinniúnach an ní forbairt bhreise ar an acmhainn straitéiseach taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin maidir leis na spriocanna foráis i gcúrsaí fostaíochta agus táirgeachta a bhaint amach. Admhaítear freisin an tábhacht atá le forbairt scileanna sa tionscal.

Clár an
Rialtais: Ár
dTodhchaí le
Chéile



- Áirítear le móraidhmeanna Chlár an Rialtais an dochar a tharraing paindéim Covid-19 a chúiteamh agus bearta a chur i gcrích chun postanna nua a chruthú, ullmhú do phostanna na linne seo romhainn, téarnamh eacnamaíochta a bhrú chun cinn agus feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil ag an uile dhuine.

An Plean
Forbartha
Náisiúnta (PFN)
2021 - 2030



- Sheol an Rialtas an PFN nua 2021-2030 i rith R4 2021. Tugtar san áireamh béim ar sheifteanna maidir le borradh faoin bhfostaíocht i ngach réigiún agus athbheochan eacnamaíochta go ceann na ndéich mbliana seo romhainn. Seastar le "tionscail na cruthaitheachta agus earnáil bhriomhar léiriúcháin meán cumarsáide agus closamhairc" a thabhairt chun cinn agus luaitear d'aidhm freisin "pobal na Gaeltachta a chothú le hinfheistíocht in Údarás na Gaeltachta agus an Ghaeilge a chur chun cinn le scéimeanna Gaeltachta agus scéimeanna teanga".

- Cuidíonn TG4 leis an bhféiniúlacht a chur chun cinn agus le pobal Gaeilge a neartú chomh maith le cur ar aghaidh na teanga ó ghlúin go glúin a chothú.
- Beidh infheistíocht bhreise in ábhar Gaeilge agus in acmhainní oideachais dírithe go háirithe ar leanaí agus ar aosaigh óga. Is é is dóigh le TG4 nach amháin go dtreiseofar ar an gcaoi seo ceangal leanaí agus dhaoine óga a labhraíonn Gaeilge leis an teanga, ach go ndéanfar fónamh chomh maith do chainteoirí óga nua Gaeilge.

- Le hinfheistíocht bhreise TG4 in ábhar drámaíochta agus scannánaíocht Gaeilge, agus le Camchuairt bheartaithe Ghradam Ceoil TG4, cuideofar le lorg cultúir na hÉireann a leathnú trí cheiliúradh a dhéanamh ar fud an domhain ar theanga, ar chultúr agus ar chruthaitheacht na hÉireann. Leanfar de stádas a chur faoin nGaeilge trí saothar cultúir den suntas a spreagadh, mar shampla na scannáin ardchaighdeán Gaeilge faoi scáth Cine4 agus trí scoth Cheol Traidisiúnta na hÉireann a chur i láthair lucht féachana idirnáisiúnta

- Déanfar mórchuid na hinfheistíochta breise in TG4 a chaitheamh le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha sna réigiúin in Éirinn, trí ábhar agus seirbhísí a choimisiúnú agus infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scile agus cumais san earnáil. Déanfaidh sin fónamh díreach maidir le cur leis an táirgeacht agus leis an bhfostaíocht in earnáil an léiriúcháin scannánaíochta agus teilifíse chomh maith le fónamh d'fhorbairt scileanna, faoi mar a leagtar amach thuas. Tá sonraí ag an Údarás Craolacháin² go luaitear sa Phlean Gníomhaíochta Closamhairc gur cinniúnach an rud forbairt bhreise a dhéanamh ar an acmhainn straitéiseach taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath/Cill Mhantáin maidir leis na spriocanna eile fostaíochta agus foráis sa Phlean a bhaint amach, go bhfuil cumas ceannródaíochta ina leith sin léirithe ag TG4 agus nach bhféadfaí obair léiriúcháin Gaeilge ar an scála atá ar bun a dhéanamh murach TG4.

- Déanfaidh infheistíocht TG4 maitheas maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Closamhairc a chur i bhfeidhm; fónamh maidir le breis scileanna ag an lucht oibre i réimsí closamhairc; fónamh maidir leis an ról a leagtar ar Údarás na Gaeltachta i mbun postanna a chruthú; agus, cur le feiceálacht na Gaeilge agus a húsáid ó lá go lá i measc an phobail. Cuirfidh infheistíocht bhreise TG4 in ábhar nua-choimisiúnaithe Gaeilge leis an táirgeacht agus leis an bhfostaíocht in earnáil an léiriúcháin maidir le scannánaíocht agus teilifís ar fud réigiúin na hÉireann agus cothófar forbairt scileanna in earnáil an chlosamhairc.

- Déanfaidh TG4 fónamh go díreach maidir le Aidhm Straitéiseach Náisiúnta (ASN) 3 a thabhairt i gcrích [Treisiú le hEacnamaíocht & Pobal na Tuaithe]. Áirítear ar na réimsí tús áite maidir le hinfheistíocht faoi NSO3 cúrsaí turasoíreachta, cultúir, ealaíne, Gaeltachta, spóirt agus meán cumarsáide.
- Déanfar infheistíocht bhreise in TG4 a infheistiú go díreach in earnáil na cruthaitheachta i réigiúin na hÉireann. Cuirfidh infheistíocht TG4 i mbunábhar Gaeilge ar coimisiún agus i seirbhísí leis na postanna do dhaoine oilte i mbun teicniúlachta agus cruthaitheachta sa Ghaeltacht agus ar fud na réigiún agus coinneofar dá bharr sin daoine cumasacha sna ceantair sin, rud a chuidíonn le pobal briomhar Gaeilge a bhuanú.

¹ Daonáireamh 2016, CSO.

² Anailís ar infheistíocht bhreise in earnáil léiriúcháin neamhspleácha na hÉireann (2019).



6. Treisítear le Pobal na hÉireann, le Muintir na Gaeltachta agus leis an nGaeilge

Fónann TG4 do phobal na Gaeilge agus don Ghaeltacht trí chuidiú le cur chun cinn na Gaeilge ó ghlúin go glúin mar ghnáthurlabhra beo oibre:

- Fónann TG4 do phobal na Gaeilge agus don Ghaeltacht trí chuidiú le cur chun cinn na Gaeilge ó ghlúin go glúin mar ghnáthurlabhra beo oibre:
- Cuidíonn na meáin chumarsáide Gaeilge ó thaobh feiceálacht na teanga agus úsáid na Gaeilge gach lá i measc an phobail, ceangal níos dlúithe ag na daoine óga leis an teanga san áireamh. Is iad na dreamanna níos óige sa lucht féachana a bheidh cinniúnach maidir lena bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga pobail a shocrú.
- Beidh cainéal Cúla4 ina áis cúnta ag teachlaigh a thógann a gclann le Gaeilge agus ar mian leo an teanga a chur chun tosaigh mar phríomhtheanga an teachlaigh. Déanfaidh sé rath maidir le sóisialú na Gaeilge a spreagadh agus leanaí a thumadh sa teanga. Trí chláracha Gaeilge teilifíse a chraoladh, cuirfear ar a súile do leanaí gur beo mar theanga an Ghaeilge agus gur nádúrtha a húsáid i líonraí sóisialta sa bhaile agus in ionaid eile taobh amuigh den scoil. Spreagtar leanaí agus daoine óga le húsáid a bhaint as an nGaeilge agus cuirtear deiseanna ar fáil maidir le foghlaim agus forbairt teanga. Cuideoidh cainéal Cúla4 le normálú a dhéanamh ar an nGaeilge sa phobal, le líon na gcainteoirí óga a ardú agus leis an nGaeilge a chur chun cinn mar ghnáthurlabhra i gcomhthéacs shaol nua-aimseartha an lae inniu.
- Is suntasach na hacmhainní cúnta closamhairc a chuireann TG4 ar fáil maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais, go háirithe do dhaltaí i scoileanna bunleibhéil agus meánleibhéil lán-Ghaeilge, ach d'aon duine atá ag foghlaim na teanga taobh amuigh den chóras oideachais foirmeálta chomh maith.
- Déanfaidh TG4 infheistíocht bhreise i mbunábhar nua scannánaíochta agus drámaíochta Gaeilge agus cuirfear le feiceálacht agus le stádas na Gaeilge trí shaothar cultúir a spreagadh lena mbíonn suntas náisiúnta.
- Trí infheistíocht TG4 i dtionscail na cruthaitheachta ar fud réigiúin na hÉireann, tá níos mó deiseanna á gcur ar fáil do dhaoine oilte i mbun obair theicniúil chruthaitheachta a dhéanamh i nGaeilge agus tá an Ghaeilge á cur chun cinn mar theanga oibre i gcomhthéacs nua-aimseartha na linne seo. Cuidíonn breis fostaíochta san earnáil le cainteoirí óga Gaeilge a choinneáil sna réigiúin. Cuideofar freisin le spéis a chothú i gcúrsaí tríú leibhéal i meáin chumarsáide na Gaeilge.
- Déanfar freastal níos fearr ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ó thaobh breis iléagsúlachta agus iomadúlachta maidir le hábhar nuachta agus cúrsaí reatha

¹ Red C Taighde, R4 2020.

² OÉG, R1/R2 2022.



7. Acmhainn Oideachais

Rachaidh infheistíocht TG4 in ábhar oideachais agus in ábhar do leanaí chun sochair do chúrsaí oideachais agus foghlama in Éirinn. Le cainéal Cúla4 faoi leith, beidh ar chumas TG4 níos mó ábhair oideachais a chur ar fáil, ní amháin d'fhoghlaimeoirí ag baile ach sa seomra ranga chomh maith. Mar a luaitear thuas, baineann sciar an-ard, 44% de na múinteoirí bunscoile ar fad, 80% de na múinteoirí sna bunscoileanna lán-Ghaeilge agus 250,000 dalta bunscoile ar fud na hÉireann, úsáid go rialta as acmhainní de chuid Cúla4 sa seomra ranga¹.

Is léir ó shuirbhé neamhspleách ar thuairimí lucht labhartha na Gaeilge go bhfuil 97% a aontaíonn/a aontaíonn go láidir gur mhaith an acmhainn oideachais agus foghlama ag leanaí cainéal Cúla4². Tá de sprioc ag TG4 go n-ardaítear líon na múinteoirí bunscoile ó 17,000 go 20,000 agus líon na ndaltaí bunscoile ó 250,000 go dtí beagnach 300,000 taobh istigh de thrí bliana (53% de na múinteoirí bunscoile agus de na daltaí bunscoile ar fad). Tá d'aidhm chomh maith cur 20% leis an úsáid as acmhainní TG4 Foghlaim i rith 2023 agus ábhar closamhairc Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna agus do na daltaí, bunscolaíochta agus iarbunscolaíochta, atá dírithe ar an gcuraclam.

Leanfar freisin ag treisiú leis an bhfoghlaim le tionscnaimh oideachais eile a chuirtear i gcrích i gcomhar le geallsealbhóirí éagsúla. Áirítear ar thionscnaimh dá leithéid go dtí seo: modúil do chúrsa léinn san iriseoireacht, i léann na scannánaíochta, i Léann na hÉireann, i scriptscríbhneoireacht, i léiriúchán agus stiúrtóireacht teilifíse agus scannánaíocht a leagan amach le OÉG; Techféile, le Roinn na Gaeltachta agus Camara - ócáid mórshuntais d'fhonn an chruthaitheacht a spreagadh i mbun úsáid na teicneolaíochta ar ar fhreastail níos mó ná 250 leanbh as gach cuid den tír; clár curaclaim a fhorbairt d'fhonn treisiú le scolaíocht ag baile (Cúla4 ar Scoil) i rith phaindéim Covid-19 (i gcomhar leis an Roinn Oideachais, COGG, Gaeloideachas agus PDST. Craoladh an t-ábhar i rith dhá bhliain na paindéime, chomh maith lena chur ar fáil ar líne; Campaí Cúla4, sraith de champaí samhraidh 5 seachtaine le cistí cúnta ó Fhoras na Gaeilge agus ó Roinn na Gaeltachta; rinne TG4, i gcomhar le OÉG agus Nuacht RTÉ, Iriseoirí an Lae Amárach a rith, clár seachtaine faoi iriseoireacht na Gaeilge do dhaltaí na hIdirbhliana. Chláraigh níos mó ná 400 dalta don chlár lenar bhain seisiúin le léachtóirí de chuid OÉG agus iriseoirí atá i mbun na ceirde faoi láthair ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne. Le cistíocht bhreise sa bhliain 2023, cuirfidh TG4 dhá imeacht nua oideachais ar fáil: Iriseoirí an Lae Amárach 2023 do dhaltaí na hIdirbhliana agus ócáid mhórshuntais maidir le scannánaíocht/cruthú ábhair do dhaltaí dara leibhéal agus do mhic léinn tríú leibhéal. Díreofar leo sin ar spéis a chothú i saol gairme i dtionscail na cruthaitheachta agus ar dheiseanna ina leith sin.

Leis na hacmhainní seo agus le hinfeistíocht TG4 i dtionscnaimh nua d'Fhoghlaimeoirí Teanga, cuirfear bearta suntasacha closamhairc ar fáil i ndáil leis an nGaeilge sa chóras oideachais agus don fhoghlaimeoir taobh amuigh den chóras oideachais foirmeálta chomh maith. Leanfar den fhónamh d'fhoghlaim na Gaeilge agus de leas a dhéanamh maidir le beocht na Gaeilge go fadtéarmach.



8. Tionchar Sóisialta & Cultúir

I dteannta le luach a bhaint amach do lucht féachana agus leis an luach a chuirimid ar fáil don gheilleagar náisiúnta agus réigiúnach trí fhostaíocht bhreise a chur ar fáil, scileanna agus daoine cumasacha a fhorbairt san earnáil léiriúcháin closamhairc etc. bainfidh sochaí na hÉireann an-chuid tairbhí cáiliúchtúla amach as infheistíocht bhreise a dhéanfar in TG4 lena n-áirítear na tairbhí seo a leanas:

- Tacú le pobail Ghaeltachta & le pobail réigiúnacha Ghaeilge;
- Tacú leis an bhfoghlaim (lenár n-acmhainní oideachais);
- Tacú leis an nGaeilge a úsáid ina teanga oibre beo idir glúnta;
- Pobail labhartha na Gaeilge a choinneáil ar an eolas;
- Feiceálacht níos mó a thabhairt i leith ábhar Gaeilge do leanaí agus nasc a chur ar fáil dóibh leis an nGaeilge ó aois óg;
- Cuidiú le daoine óga a mhúnlú (agus seirbhís nuachta do leanaí a chur ar fáil).

Tacú le pobail Ghaeltachta & le Pobail Réigiúnacha na Gaeilge

Féach uimhir 6, Tacaíonn le Pobail Éireannacha, Pobail na Gaeltachta agus Pobail na Gaeilge.

Tacú leis an bhFoghlaim

Féach uimhir 7, Acmhainn Oideachais.

Tacú leis an nGaeilge a úsáid ina teanga oibre beo idir glúnta

Féach uimhir 6, Tacaíonn le Pobail Éireannacha, Pobail na Gaeltachta agus Pobail na Gaeilge.

Pobail labhartha na Gaeilge a Choinneáil ar an Eolas

Tá ról rithábachtach ag meáin chumarsáide na seirbhíse poiblí (PSM) sa tsochaí. Ní hamháin go ndéanann PSM ionadaíocht ar chultúir náisiúin, a theangacha a chur chun cinn agus go dtacaíonn sé leis na tionscail ildánacha atá aige, cuireann sé modh ar fáil chun saoránaigh a chur ar an eolas faoi ábhair éagsúla, plé oscailte a chothú agus faisnéis iontaofa a chur ar fáil, rud a chuireann le sochaí dhaonlathach rathúil a bheith ann. Tá an nuacht i gcroílár chláracha PSM. I suirbhé a rinneadh ar gach PSM EBU léirítear gurb é an seánra is mó a chraolann seirbhísí teilifíse PSM an nuacht agus gur foinse iontaofa nuachta é. Léirítear sa taighde céanna go mbreathnaíonn saoránaigh ar nuacht PSM le linn géarchéimeanna - tháinig méadú 20% ar líon na saoránach a bhreathnaigh ar an nuacht tráthnóna gach lá i rith ghéarchéim Covid-19 mar shampla, agus tháinig méadú 44% ar líon na saoránach óg a bhreathnaigh air gach lá. Léirítear sa taighde chomh maith go bhfuil baint dhíreach idir scála lucht féachana agus mhaoiniú PSM, agus an leibhéal imní i dtaobh teagmháil le faisnéis mhíthreorach nó le faisnéis bhréige. Tá sé léirithe freisin go bhféadfaí a bheith in ann laghdú a chur ar an méid nuachta deighilte atá amuigh ansin trí mhéadú a chur ar an méid daoine a bhfuil fáil acu ar ábhar PSM ar líne³. Dá réir sin, ar cheann de phríomhthairbhí na hinfheistíochta breise i TG4 tá an tionchar sóisialta go gcoinneofar saoránaigh a bhfuil Gaeilge acu níos mó ar an eolas, rud a chuirfidh le córas an daonlathais sa tír.

¹ Tomhaltas Nuachta sa RA, Ofcom, 2020.

² Margáí a Athrú do Thionscail Teilifíse Leanaí, Steemers & Potter, 2019.

³ Mar a Sheachadann Meáin Seirbhíse Poiblí Luach, EBU, Nollaig 2021.

Ábhar Gaeilge do Leanaí a Dhéanamh Níos Feiceálaí & Deis Nasctha leis an nGaeilge a Chur ar Fáil do Leanaí ag Aois Óg

Cuirfear le raon agus le hinfhaighteacht an ábhair Gaeilge do leanaí le cainéal Cúla4. Treiseoidh sé chomh feiceálach is atá ábhar Gaeilge do leanaí i measc na gcainéal Béarla ar ardáin teilifíse dhigiteacha. Cuirfidh sé go mór le hionannas na meán cumarsáide in Éirinn trí raon ábhair Gaeilge níos ilchineálaí a chur ar fáil do dhaoine óga. Trí tuilleadh deiseanna a thabhairt do leanaí a bheith ag breathnú ar ábhar Gaeilge siamsúil ar ardchaighdeán, creideann TG4 go méadófar an méid teagmhála a bhíonn ag leanaí a labhraíonn Gaeilge leis an teanga, ach anuas air sin, go dtacófar le cainteoirí óga Gaeilge nua freisin.

Cuidiú le daoine óga a mhúnlú

Nuair a bhíonn leanaí ag forbairt tuairimí agus dearchtaí fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoin domhan thart timpeall orthu le linn na mblianta is múnlaithí dóibh, bíonn tionchar ag an ábhar a aimsíonn siad ar líne orthu. Le cainéal Cúla4 cuirfear ábhar ar ardchaighdeán ar fáil ar chainéil thraidisiúnta, in dteannta le háiteanna sábháilte agus le hardáin ar líne, chun dea-thionchar a bheith aige ar fhorbairt leanaí. Áireofar ar an ábhar a chuirfidh ar fáil ábhar oideachais shiamsúil agus ábhar siamsaíochta, scéalta agus ábhar a chuireann saolta leanaí na hÉireann in iúl i mbealach dearfach, agus seirbhís nuachta phoiblí i nGaeilge do dhaoine óga. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí nuachta neamhspleácha agus neamhchlaonta a fhreastalaíonn ar leanaí agus ar dhaoine óga i mbealach íomchuí, chun cuidiú le leanaí agus le daoine óga a bheith ina saoránaigh a bhíonn ar an eolas faoi ábhair éagsúla. Léirítear i dtaighde a rinne Ofcom go gcreideann 85% den lucht féachana óg (atá 12-15 bliana d'aois) a úsáideann BBC ina fhoinsé nuachta, go gcuideann sé leo tuiscint a bheith acu ar an méid atá ag tarlú ar domhan¹. Léirítear i dtaighde freisin go gcuireann meáin chumarsáide na seirbhíse poiblí comhthéacs cultúir an lucht óig in iúl, agus go gcuideann siad le tuiscint a bheith acu ar a fhéiniúlacht agus ar an tsaoránacht².

I mí an Mhárta 2022 bhí Newsround (clár nuachta BBC do leanaí) ag craoladh le 50 bliain. D'fhorbair cruthaitheoir Newsround, Edward Barnes, an clár mar bhí sé buartha nach raibh leanaí ag fáil oideachas maidir leis an méid a bhí ag tarlú sa domhan ina dtimpeall agus bhí sé ag iarraidh feasachán nuachta a chruthú a mbreathnódh daoine óga air. Luaigh sé freisin go raibh “líon mór scéalta ann nach ndéantar tuairisciú orthu a mbíonn tionchar acu ar leanaí.....a mbíonn speis ar leith ag leanaí ann agus ar cheart tosaíocht mhór a thabhairt dóibh.” Is é seo an fhís atá ag TG4 - tá feasachán nuachta Gaeilge do leanaí uainn a bheidh speisiúil agus a mbeidh leanaí ag breathnú ar an méid atá ag tarlú ina bpobail agus sa domhan ina dtimpeall.

Cuid 6

Conclúid

larrtar ar an Rialtas le hlarratas Réamhbhuiséid TG4 méadú €8.287m i maoiniú poiblí a chur ar fáil (sa bhreis ar mhaoiniú 2022) chun sé thogra infheistíochtaí a sholáthar.

Ciallaíonn an borradh atá ag teacht faoi na seirbhísí sruthaithe agus meán ar fud an domhain, seirbhísí a bhfuil maoiniú mór acu, go bhfuil méadú ar ábhar Béarla a bhfuil maoiniú mór ar fáil dó, a fhágann go bhfuil na meáin chumarsáide Gaeilge i mbaol. Tá tograí TG4 don bhliain 2023 (a bhfuil Fís i nDiaidh Covid 2022-2025 mar bhonn fúthu) leagtha amach chun a chur ar chumas TG4 dul in iomaíocht ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá sé mar aidhm againn, ach go háirithe, cur lenár n-infheistíocht in ábhar agus i seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga a fhéachann ar TG4, chun a chinntiú go ndéanfar freastal níos mó ar an lucht féachana sin agus go gcuirfidh siad spéis san ábhar sin. Is iad an déimeagrafaic níos óige a bheidh mar lucht féachana TG4 amach anseo agus is é an déimeagrafaic sin a dhéanfaidh cinneadh maidir le todhchaí na Gaeilge mar theanga pobail. Cuideoidh na tograí infheistíochta don bhliain 2023 linn déimeagrafaíocht na meán cumarsáide Gaeilge a athchothromú i bhfabhar daoine níos óige. Le tograí oideachais san áireamh, díreofar nach mór 70% den mhaoiniú breise ar ábhar agus ar sheirbhísí do dhéimeagrafaic níos óige den lucht féachana.

Tá sé rithabhachtach go ndéanfaí athrú ó bhonn ar scála agus ar sheirbhísí TG4 de réir mar a thagann athrú ar an margadh meán agus tá pleananna uailmhianacha againn do 2023 agus ina dhiaidh sin. Sa bhreis ar lucht féachana níos mó a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí in ábhar agus i seirbhísí TG4, rachaidh ár gcuid tograí chun tairbhe díri comhlachtaí léiriúcháin neamhspleách Éireannacha agus gilleagar réigiúnach ildánach na tíre agus tacóidh siad le borradh a chur fúthu

Caithfear nach mór €5.4m den mhaoiniú breise le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus an earnáil chruthaitheach, agus dá réir sin, meallfaidh an infheistíocht sin tuairim is €2.1m i maoiniú breise don earnáil i gcomhair cúrsaí léiriúcháin agus oiliúna. Cuirfidh an infheistíocht mhór bhreise sin ardán ar fáil chun cur le fostaíocht oilte teicniúla agus cruthaitheachta i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair réigiúnacha, a chuirfidh, meastar, 130 post nua ar fáil in earnáil closamhairc na hÉireann sa bhliain 2023 amháin. Cuideoidh sé le scileanna agus daoine cumasacha na hearnála a fhorbairt, chomh maith le maoin intleachtúil agus acmhainn léirithe, ag neartú comhlachtaí agus an gilleagair réigiúnaigh ildánaigh agus ag cur borradh fúthu.

Méadóidh an maoiniú breise an méid a chuireann TG4 leis an aschur náisiúnta agus le fostaíocht. Meastar gurb ionann an tionchar náisiúnta i leith poist a bheidh ag caiteachas TG4 sa gilleagair in 2023 agus 1,154 post coibhéiseach lánaimseartha (díreach, indíreach & spreagtha), tuairim is 1,039 díobh a bheidh ar bhonn réigiúnach. Is ionann sin agus méadú 28% agus nach mór 30% faoi seach, ar an méid a rinne TG4 sa bhliain 2021.

Gan an maoiniú breise atá á iarraidh, ní bheidh sé d'acmhainn ag TG4 na bearta breise sin a chur ar fáil. Beidh tionchar aige sin, ní hamháin ar lucht féachana TG4, go mór mór leanaí agus lucht féachana níos óige, ach ar fhorbairt tuilleadh a dhéanamh ar acmhainn agus ar phoist earnáil na léiritheoirí neamhspleácha i réigiúin na hÉireann.

Leagaimid béim ar thionchar airgeadais brúnna boilscitheacha a bhfuil borradh ag teacht orthu ó lár na bliana 2021, i ndiaidh Covid-19, ach go háirithe ó thus na bliana 2022, de dheasca an chogaidh san Úcráin. Tá tionchar ar ár gcumhacht caithimh ar fud gach réimse d'oibriúcháin TG4 ach go háirithe coimisiúnú TG4 ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Cé go bhfuilimid á bhainistiú go maith go dtí seo, go háirithe mar gheall ar na conarthaí aschuir ceithre bliana atá i bhfeidhm againn, d'fhéadfadh dúshlán níos mó a bheith i gceist leis sna blianta amach romhainn, má leanann an tréimhse hipearbhoilscithe seo ar aghaidh.

Cuideoidh níos mó maoinithe chun cur le hinfheistíocht TG4 in ábhar nua breise do leanaí, don lucht féachana níos óige, in ábhar oideachais agus in ábhar nuachta chun cuidiú leis an neamhchinnteacht agus luaineacht a bhaineann le tréimhsí boilscitheacha (agus cúlú eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gceist) a fhritháireamh d'earnáil na léiritheoirí neamhspleácha. Cuideoidh sé le muinín a choinneáil san earnáil agus sa gilleagair cruthaitheach réigiúnach trína chur ar chumas comhlachtaí leanúint de leas a bhaint as na hinfheistíochtaí atá déanta acu le blianta beaga anuas, in acmhainn léirithe agus i ndaoine cumasacha, agus chun a n-aschur agus a gcuid infheistíochta a mhéadú. Is féidir, mar sin, le hinfheistíocht bhreise i TG4 cuidiú le seasmhacht agus forás a thabhairt don earnáil sa ré dhúshlánach seo.

Is ionann príomhthorthaí an mhaoinithe bhreise seo agus:

- Tuairim is 130 post nua in earnáil na léiritheoirí neamhspleácha sa bhliain 2023 amháin.
- Tionchar measta náisiúnta post de 1,154 post coibhéiseach lánaimseartha (CLA).
- Tuilleadh forbairt ar 50-70 duine le tacaíocht trí scéimeanna forbartha agus oiliúna coimisiúnaithe TG4
- Cuirfidh borradh faoi mhuinín i bhforás leanúnach an gilleagair chruthaithigh réigiúnaigh agus tacóidh le forás nua sna réigiúin, lena n-áirítear réigiún an Iarthuaiscirt.
- Cuirfidh le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga leis an nGaeilge.
- Méadú sa lucht féachana a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí atá ann i soláthar ábhar.